# Oibriú ar son Post, Fiontar agus Nuálaíochta

An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

# Ráiteas Straitéise

2015 - 2017

An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
Department of Jobs, Enterprise and Innovation

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Brollach ón Aire agus ón Ard-Rúnaí | 2 |
| Réamhrá | 3 |
| Caibidil 1 - Poist agus Iomaíochas a Chur ar Aghaidh | 7 |
| Caibidil 2 - Ardfheidhmíocht a Chur Chun Cinn agus a Chothú i measc Fiontar | 21 |
| Caibidil 3 - Taighde agus Nuálaíocht | 31 |
| Caibidil 4 - Margaí níos Fearr agus Fostaíocht ar Ardchaighdeán trí Rialáil níos Fearr | 37 |
| Caibidil 5 - An Straitéis a Bhaint Amach agus Athrú a Bhainistiú | 46 |
| Liosta Aguisíní | 55 |
| Aguisín 1 | 56 |
| Aguisín 2 | 57 |
| Aguisín 3 | 58 |
| Aguisín 4 (i) | 59 |
| Aguisín 4 (ii) | 60 |
| Aguisín 4 (iii) | 61 |

# Brollach

Doiciméad tábhachtach suntasach is ea Ráiteas Straitéise na Roinne do 2015-2017 de réir mar a fhéachaimid le forbairt a dhéanamh ar an dul chun cinn a baineadh amach faoinár Ráiteas Straitéise do 2011-2014 agus lenár spriocanna agus lenár gcuid oibre a chur ar chomhréim leis na himthosca feabhsaithe a tháinig as an athrú chun feabhais i ngeilleagar na hÉireann. Sa Straitéis seo, leagaimid ár bhFís, ár Misean, ár Luachanna agus ár Spriocanna amach. Tá siad go léir dírithe ar ár n-uaillmhianta bunaidh maidir le lánfhostaíocht inbhuanaithe a bhaint amach faoin mbliain 2018 agus maidir leis an tír bheag is fearr ina ndéanfaí gnó a dhéanamh d'Éirinn.

Tagann ár Straitéis nua aníos le linn trátha ina bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ag an Roinn ar chlár mór-athchóirithe struchtúrtha a leanfaidh de chur ar ár gcumas beartas a fhorbairt agus seirbhísí a sholáthar ar an mbealach is cuíchóirithe agus is éifeachtúla is féidir.

Beidh an fhís atá leagtha amach sa Straitéis seo ina treoir don phróiseas pleanála gnó ar fud ár Rannóg agus ár nAonad go léir agus déanfar monatóireacht ghníomhach ar sholáthar na nGníomhartha mar atá sainaitheanta i ngach Caibidil den doiciméad ar feadh thréimhse feidhme na Straitéise.

Richard Bruton TD

An tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta

John Murphy

An tArd-Rúnaí

# Ráiteas Straitéise 2015-2017

## Réamhrá

In 2011, leag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (RPFN) Straitéis amach inar sainaithníodh conas a thabharfaimis aghaidh ar na dúshláin romhainn maidir le hiomaíochas na hÉireann a thabhairt ar ais, le líon na ndaoine ar obair a mhéadú agus le geilleagar fiontraíochta na hÉireann a neartú.

Mar thoradh ar an dóigh ar chuireamar an Straitéis sin chun feidhme, straitéis a chlúdaigh an tréimhse ó 2011 agus 2014, agus mar thoradh ar an obair a rinneamar le Gníomhairí eile Rialtais, soláthraíodh athrú chun feabhais i ngeilleagar na hÉireann. D'éirigh linn teacht trí na blianta dúshlánacha deireanacha sin agus rath suntasach a sholáthar sna réimsí seo: iomaíochas eolasach, cruthú fostaíochta, onnmhairí méadaithe agus na caighdeáin arda atá ag gabháil lenár dtimpeallacht gnó agus rialála. Is é an Plean Gníomhaíochta do Phoist is mó a chuir béim ar phoist sa chlár oibre ar fud an Rialtais. De réir mar a théimid ar aghaidh an athuair, cuid ríthábhachtach dár straitéis a bheidh i lánfhostaíocht inbhuanaithe a bhaint amach faoin mbliain 2018.

Ina theannta sin, tá dul chun cinn déanta ag RPFN ar mhór-athchóirithe struchtúrtha arb iad is aidhm dóibh ár n-eagraíocht a chuíchóiriú, lena n-áirítear ár gcuid gníomhaireachtaí agus oifigí, agus an leas is mó a bhaint as ár gcumas chun beartas a fhorbairt, cruthú fostaíochta a chur chun cinn, iomaíochas a fheabhsú, tacú le fiontair agus iad a fhorbairt agus taighde agus nuálaíocht a bharrfheabhsú. I measc na n-athchóirithe sin, chomhtháthaíomar an Binse Comhionannais agus Forfás isteach sa Roinn chun sineirge a bhaint amach agus beartais á ndéanamh agus á gcur chun feidhme againn. Leanamar ar aghaidh ag baint ár gcuspóirí amach mar Roinn agus mar chomhluadar in RPFN, lena n-áirítear ár gcuid oifigí agus gníomhaireachtaí, i gcomhthéacs acmhainní soláthar foirne agus airgeadais a bhí i bhfad níos lú ná a bhí siad.

Is é is aidhm do RPFN a feidhmíocht a fheabhsú go leanúnach ionas go neartóimid an méid a chuirfimid le baint amach na sprice atá ag an Rialtas maidir le lánfhostaíocht a bhaint amach agus maidir leis an tír bheag is fearr ar domhan ina ndéanfaí gnó a dhéanamh d'Éirinn. I gceann tamaill, beidh RPFN ar an Roinn phríomha le haghaidh 46 gníomh atá ag teastáil faoin bPlean Gníomhaíochta do Phoist. Chomh maith leis sin, beidh freagracht chomhroinnte uirthi as 35 gníomh sa bhreis a bhaint amach. Déanfar dul chun cinn ar ár gcuid oibre i gcomhthéacs na sraithe straitéisí spriocdhírithe a chuir RPFN agus ár gcuid gníomhaireachtaí in iúl, mar shampla an Ráiteas Beartais Náisiúnta faoin bhFiontraíocht, an Straitéis Fiontar Réigiúnach, Déantúsaíocht 2020, an Cleachtadh Náisiúnta um Beartú

Tosaíochtaí Taighde. Déanfar tuilleadh dul chun cinn trí thionscnaimh bhreise bheartais a dtabharfar fúthu in 2015.

Tá ár Misean, ár bhFís agus ár Luachanna le haghaidh thréimhse feidhme na Straitéise á leagan amach againn:

***Ár bhFís***

Oibreoimid chun an áit is fearr le bheith rathúil i gcúrsaí gnó a dhéanamh d'Éirinn, agus lánfhostaíocht inbhuanaithe faoin mbliain 2018 agus caighdeáin mhaireachtála níos airde do chách á soláthar.

***Ár Misean***

Cruthú lánfhostaíochta ardchaighdeáin inbhuanaithe a spreagadh ach fiontair a chur ar aghaidh ar fud an rialtais, tacú le bonn iomaíoch fiontar, timpeallacht cánach ísle a chur chun cinn d'fhonn obair agus fiontraíocht a dhreasú agus margaí cothroma iomaíocha a chur chun cinn.

***Ár Luachanna***

Mar Roinn, cothaímid cultúr freagrachta, éifeachtúlachta agus luach ar airgead atá bunaithe ar éiteas seirbhíse poiblí a chuimsíonn neamhspleáchas, ionracas, neamhchlaontacht, oscailteacht agus meas. Mar Státseirbhísigh, cloímid leis na caighdeáin is airde ó thaobh gairmiúlachta, macántachta, oibiachtúlachta agus cáilíochta de. Is nithe iad atá ina gcuid thábhachtach dár ról i dtacú leis an bpróiseas daonlathach agus dár ról i bhfreastal ar an saoránach a chomhlíonadh.

Sa Straitéis seo, leagtar amach na **Spriocanna** a bhrúfaidh ár gcuid oibre chun cinn agus a bheidh mar bhonn agus thaca ag lánfhostaíocht inbhuanaithe:

- Tacóimid le beartais um fhiontair, poist agus iomaíochas ar fud an Rialtais chun an áit is fearr le bheith rathúil i gcúrsaí gnó a dhéanamh d'Éirinn ach an leas is fearr a bhaint as ár gceannaireacht i bpríomhthionscnaimh agus i bpríomhstraitéisí agus as an tionchar atá againn orthu, lena n-áirítear trí thimpeallacht cánach ísle a chur ar aghaidh d'fhonn obair agus fiontraíocht a dhreasú, agus déanfaimid amhlaidh ag leibhéal an AE agus ag leibhéal idirnáisiúnta freisin, de bhreis ar an leas is fearr a bheith á bhaint againn as an acmhainn a bhaineann le comhaontuithe trádála idirnáisiúnta (Caibidil 1).

- Neartóimid bonn gnó na hÉireann ach a bheith ar thús cadhnaíochta san fhiontraíocht, fiontair dhúchasacha a chur chun cinn chun sciar méadaitheach de mhargaí domhanda a ghnóthú, infheistíocht dhíreach eachtrach ardfheidhmíochta a mhealladh agus a chothú i réimsí a dhéanann forbairt ar láidreachtaí iomaíochais na hÉireann agus braislí láidre réigiúnacha fiontar a chruthú a dhéanann forbairt ar bhuntáistí iomaíochais na réigiún (Caibidil 2).

- Forbróimid córas fuinniúil nuálaíochta a dhéanfaidh na nithe seo: feabhas seasmhach ar an tionchar a bheidh ag infheistíocht Stáit ar thaighde a sholáthar, rud a chruthóidh aschuir inláimhsithe le leas gheilleagar agus shochaí na hÉireann; líon méadaitheach fiontar taighde-ghníomach a ghineann cion méadaitheach dá gcuid ioncaim as táirgí agus seirbhísí nuálacha a chinntiú agus braislí i dteicneolaíochtaí ceannródaíocha sainaitheanta a mbeidh cáil idirnáisiúnta orthu a bhunú (Caibidil 3).

- Cinnteoimid go mbeidh cáil idirnáisiúnta ar ár gcóras rialála mar gheall ar a éifeachtúla agus a éifeachtaí atá sé agus cruthóimid margaí a chuireann nuálaíocht agus ardfheidhmíocht chun cinn i dtrí réimse go háirithe, is iad sin, Fostaíocht ar Ardchaighdeán, Rialáil Gnó agus Iomaíocht agus Tomhaltóirí (Caibidil 4).

- Bainisteoimid ár gcuid acmhainní, bíodh siad ina ndaoine, ina n-acmhainní airgeadais nó ina n-acmhainní bonneagair, chun a chinntiú go mbeimid inár n-eagraíocht sholúbtha, nuálach agus oiriúnach don fheidhm atá ar chomhréim lenár gcuid tosaíochtaí agus déanfaimid amhlaidh de réir na gcaighdeán rialachais is airde (Caibidil 5).

| | |
|---|---|
| **Caibidil 1 – Poist agus Iomaíochas a Chur ar Aghaidh** | Timpeallacht a bhrú chun cinn a thugann spreagadh agus tacaíocht d'fhorbairt gheilleagrach inbhuanaithe agus do rathúnas náisiúnta. |
| | |
| **Caibidil 2 – Ardfheidhmíocht a Chur Chun Cinn agus a Chothú i measc Fiontar** | Cultúr fiontraíochta láidir, acmhainn gnó na réigiún, bonn fiontar dúchasach atá láidir agus mealladh infheistíochta dírí eachtraí a chur chun cinn ar mhaithe leis an oiread post agus is féidir a chruthú. |
| | |
| **Caibidil 3 – Tionchar an Taighde agus na Nuálaíochta a Bharrfheabhsú** | Tionchar an chórais náisiúnta nuálaíochta a bharrfheabhsú chun tairbhe cúrsaí geilleagracha agus sochaíocha, fás inbhuanaithe agus post ar ardchaighdeán. |
| | |
| **Caibidil 4 – Margaí níos Fearr agus Fostaíocht ar Ardchaighdeán trí Rialáil níos Fearr** | Na margaí uile a dhéanamh níos éifeachtúla trí rialáil níos cliste a spreagann nuálaíocht, iomaíocht ghéar, ardchaighdeáin chomhlíonta, fostaíocht ar ardchaighdeán agus cosaint tomhaltóirí, gan costais rialála nach bhfuil gá leo. |
| | |
| **Caibidil 5 – An Straitéis a Bhaint Amach agus Athrú a Sholáthar** | An chuid is fearr a bhaint as an aschur ó acmhainní daonna, acmhainní airgeadais, acmhainní teicneolaíochta agus acmhainní eile de chuid na Roinne trí eagraíocht atá nuálach agus solúbtha agus a bhíonn ag foghlaim i gcónaí a chothú, agus sinn ag díriú ar ár bhfoireann, ár mbuiséid agus ár gcórais – agus struchtúir fhónta rialachais ag gabháil leo – a úsáid ar bhealach straitéiseach ionas go mbeimid in ann spriocanna gnó na Roinne a chomhlíonadh. |
| | |



## 1. Poist agus Iomaíochas a Chur ar Aghaidh


### Sprioc

Cuid dhílis dár straitéis is ea sprioc an Rialtais um lánfhostaíocht inbhuanaithe a bhaint amach faoin mbliain 2018. Tá baint ag baint amach na huaillmhéine sin le roinnt uaillmhianta beartais sa Rialtas agus atá tábhachtach maidir le misean agus obair na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta, lena n-áirítear na nithe seo: córas cánachais a fhorbairt a chúitíonn obair agus fiontraíocht, leanúint d'fheachtas scileanna as a dtiocfaidh glacadh níos mó le STEM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic), le TFC agus le fiontraíocht i measc na ndaoine atá ag dul tríd an gcóras oideachais agus tríd an gcóras taighde, an cion dár mbonn fiontar Éireannach atá ag onnmhairiú a aschuir tháirgeachta a mhéadú agus sciar méadaitheach den mhargadh a ghnóthú, agus líon na bhfiontar agus na bpost ó earnálacha éiritheacha amhail an Geilleagar Glas a mhéadú.

Is é an sprioc bhunriachtanach atá againn timpeallacht a bhrú chun cinn a thugann spreagadh agus tacaíocht d'fhorbairt gheilleagrach inbhuanaithe agus do rathúnas náisiúnta. D'fhonn an geilleagar fiontraíochta a mhéadú agus a fhorbairt agus tacú le cruthú fostaíochta, teastaíonn cur chuige Rialtais uile. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach, chun dul chun cinn a dhéanamh ar ár bhfís fhoriomlán, go gcuirimid an clár oibre fiontar ar aghaidh trí chineálacha cuir chuige atá bunaithe ar fhianaise, trí chomhpháirtíochtaí agus trí thacaíocht. Leanann RPFN agus a cuid oifigí agus gníomhaireachtaí don chlár oibre iomaíochais sa tír seo ag leibhéal fiontar agus sna réimsí ábhartha de bheartas Rialtais agus lasmuigh den tír seo ag leibhéal an AE go príomha agus ag an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE), ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála agus ag fóraim idirnáisiúnta eile.

Mar atá léirithe i bhFíor 1, tá dea-dhul chun cinn déanta againn le blianta beaga anuas ó thaobh iomaíochas a ghnóthú arís. Mar atá taispeánta i bhFíor 2, thacaigh an tabhairt ar ais sin le feidhmíocht neartaithe onnmhairiúcháin. Anuas air sin, is léirithe i bhFíor 3 atá an méadú deas láidir ar líon na ndaoine i mbun oibre le blianta beaga anuas. Mar sin féin, teastaíonn tuilleadh oibre chun an uaillmhian atá againn lánfhostaíocht a bhaint amach agus a bheith ar an tír bheag is fearr ina ndéanfaí gnó a chomhlíonadh.

### Fíor 1: Ranguithe Iomaíochais na hÉireann [1]




| | |
|---|---|
| IMD | IMD |
| WEF | WEF |
| World Bank | An Banc Domhanda |
| Less Competitive | Iomaíoch |
| More Competitive | Neamhiomaíoch |

[1] Scórchárta Iomaíochais na hÉireann - an NCC

**Fíor 2: Feidhmíocht Onnmhairiúcháin na hÉireann [2]**




| | |
|---|---|
| Ireland's Export Performance (1998-2014e) | Feidhmíocht Onnmhairiúcháin na hÉireann (1998-2014e) |
| Euro Million | Sna Milliúin Euro |
| Services Exports | Onnmhairí ar Seirbhísí iad |
| Goods Exports | Onnmhairí ar Earraí iad |

[2] An Phríomh-Oifig Staidrimh - sonraí measta do 2014

## Ceannaireacht a thabhairt agus tionchar a imirt ar fud an Rialtais, go háirithe tríd an bPlean Gníomhaíochta do Phoist

Bunaithe ar thuiscint ar na heochaircheisteanna a théann i bhfeidhm ar fhiontair, leanfaidh RPFN dá clár um dhianteagmháil le Ranna eile maidir le heochaircheisteanna atá ríthábhachtach ó thaobh rath na Straitéise seo de. Tacóimid le beartais a thabharfaidh aghaidh ar dheiseanna agus ar dhúshláin i dtaca le heochaircheisteanna a dteastaíonn réiteach Rialtais uile uathu:


### *Iomaíochas*

Leanfaidh RPFN de mhonatóireacht a dhéanamh ar iomaíochas na hÉireann agus de ghníomhartha a shainaithint agus a chur chun cinn a fhéadann iomaíochas ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal gnóthas a fheabhsú. Chomh maith leis sin, leanfaidh RPFN ar aghaidh ag tacú leis an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais (a chuireann comhairle neamhspleách ar fáil don Rialtas) chun taighde agus anailís a sholáthar.

### *An Plean Gníomhaíochta do Phoist - Leanúint d'Athchóiriú*

Is é is an Plean Gníomhaíochta do Phoist ann ná gné thábhachtach de chur chuige beartais an Rialtais um thimpeallacht dhearfach a chruthú chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta agus le fás, chun onnmhairí a bhrú chun cinn agus chun cabhrú leis an earnáil fiontar poist a chruthú agus a choinneáil. Faoi phróiseas an Phlean Gníomhaíochta, foilsíonn an Rialtas ar bhonn bliantúil sraith beart a bhfuil sé tiomanta dá mbaint amach chun tacú le poist a chruthú agus a choinneáil. Déantar monatóireacht ar sholáthar na mbeart sin ar bhonn rialta agus foilsítear an dul chun cinn ar bhaint amach na ngníomhartha. Leanfaimid ar feadh thréimhse feidhme na straitéise seo de ról lárnach a imirt i bhforbairt na bPleananna Gníomhaíochta agus ina soláthar. Oibreoimid le comhghleacaithe sna hoifigí agus sna gníomhaireachtaí go léir de chuid na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus le gach Roinn Rialtais ábhartha chun Pleananna Gníomhaíochta bliantúla a fhorbairt lena bhfeabhsaítear an timpeallacht le haghaidh cruthú fostaíochta agus chun an fuinneamh ar son athchóirithe ar fud an Rialtais a choinneáil.

**Fíor 3: Líon Iomlán i mBun Oibre ó seoladh an Plean Gníomhaíochta do Phoist**[3]




| | |
|---|---|
| Numbers Employed (000s) | Líon Daoine i mbun Oibre (sna mílte) |
| APJ launched Feb 2012 | Seoladh PGP i bhFeabhra 2012 |
| 2011 Q4 | R4 2011 |
| 2010 Q4..... | R4 2010...... |

### *Príomhstraitéisí Eile*

Tabhairt chun críche dhá straitéis thábhachtacha chomhlántacha in 2015, is iad sin, **Beartas Fiontar 2025** agus an **Straitéis um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht 2015-2020**, a thagann tar éis na straitéise don tréimhse roimhe, déanfaidh na straitéisí sin, i dteannta a chéile, an treo straitéiseach fadtéarmach le haghaidh fiontar agus nuálaíochta a leagan amach, agus aird á tabhairt ar an Straitéis Náisiúnta Scileanna atá le foilsiú. Is é is aidhm do Bheartas Fiontar 2025 leagan amach a dhéanamh ar na gníomhartha straitéiseacha a theastaíonn chun a chinntiú gur láidir go leor a bheidh beartas fiontar na hÉireann chun Geilleagar Nua na hÉireann a thógáil i gcomhthéacs timpeallacht dhomhanda a bhíonn ag athrú agus rí-iomaíoch d’fhonn uaillmhian an Rialtais maidir le cruthú fostaíochta a bhaint amach agus fás marthanach sna deich mbliana romhainn go dtí an bhliain 2025 a chinntiú. Agus na straitéisí sin á bhforbairt, rachaidh RPFN i gcomhairle dhian le ranna eile rialtais mar aon le gníomhaireachtaí, le fostaithe, le taighdeoirí agus le páirtithe leasmhara eile. Beidh na straitéisí sin ar an gcreat le haghaidh bunspriocanna inghnóthaithe/gníomhartha bliantúla a fhorbairt tríd an bPlean Gníomhaíochta do Phoist agus trí phróisis forfheidmithe eile.

[3] An Phríomh-Oifig Staidrimh

Leanfaidh RPFN de bhaint a bheith aici le ***Bealaí chun na hOibre*** (straitéis an Rialtais chun dul chun cinn ar chabhrú le cuardaitheoirí poist filleadh ar obair a bhrú chun cinn) mar phróiseas comhuaineach le próiseas an Phlean Gníomhaíochta do Phoist. Chomh maith leis sin, déanfaidh RPFN an Prótacal idir í féin, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus gníomhaireachtaí fiontraíochta a chur chun feidhme go hiomlán chun a chinntiú go n-earcófar an líon is mó daoine cuí-oilte is féidir ón mBeochlár.

### *Straitéisí Fiontar Réigiúnacha*

Toisc go n-aithnímid an tosaíocht a thugann an Rialtas d'Fhorbairt Réigiúnach, oibreoimid leis na gníomhaireachtaí um fhorbairt fiontar, le Ranna ábhartha agus le comhlachtaí poiblí eile le haghaidh straitéisí réigiúnacha a fhorbairt a bhfuil sé mar chuspóir acu acmhainn fáis agus post gach réigiúin a neartú. Cinnteoimid freisin go mbreithneofar cúrsaí réigiúnacha fiontar go géar agus Creat Pleanála Náisiúnta nua á fhorbairt. Tiocfaidh an creat sin isteach tar éis na Straitéise Spáis Náisiúnta. Maidir le hathchóiriú an Rialtais Áitiúil, ceanglófar ar Údaráis Réigiúnacha agus ar Údaráis Áitiúla pleananna reachtúla a fhorbairt agus ba cheart go dtiocfadh Straitéisí Fiontar Réigiúnacha leo.

### *Taighde agus Nuálaíocht*

San fhadtréimhse, beidh fás geilleagrach á bhrú chun cinn ag feabhsuithe táirgiúlachta a thagann as dul chun cinn teicneolaíochta agus ag méaduithe ar eolas, ar scileanna agus ar chruthaitheacht. Is é an sprioc fhoriomlán sa réimse seo ná an córas náisiúnta nuálaíochta le haghaidh tionchar geilleagrach agus sochaíoch a bharrfheabhsú trí fhás inbhuanaithe agus trí phoist ar ardchaighdeán. Agus í ag comhlíonadh ról comhordaithe trasrialtais ar eolaíocht, ar theicneolaíocht agus ar nuálaíocht, oibreoidh RPFN go dlúth lenár gcuid gníomhaireachtaí taighde agus le gníomhaireachtaí eile a bhfuil sainchúram taighde orthu, le Ranna Rialtais a bhfuil buiséid taighde acu agus le hionadaithe tábhachtacha tionsclaíochta agus ardoideachais chun an sprioc sin a bhaint amach. Bunsprioc inghnóthaithe a bheidh i bhforbairt a dhéanamh ar leagan nua den Straitéis um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht chun an tréimhse 2015-2020 a chlúdach.

### *Bonneagar*

Baineann ríthábhacht leis an bhfáil ar bhonneagar agus ar sheirbhísí gaolmhara atá ar ardchaighdeán agus ar phraghas iomaíoch maidir le tacú le cruthú fostaíochta, le trádáil, le taighde agus nuálaíocht agus le forbairt réigiúnach. Leanfaimid d'athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht na hÉireann ó thaobh riachtanais bhonneagair na ngnóthas (infhaighteacht, cáilíocht agus costas) de. Déanfaidh RPFN, agus muid ag oibriú lenár gcuid gníomhaireachtaí fiontraíochta, dianteagmháil le Ranna Rialtais, le comhlachtaí rialála agus le soláthraithe poiblí agus príobháideacha bonneagair an méid bonneagair atá ar ardchaighdeán agus ar phraghas iomaíoch atá á chur ar fáil a bhrú chun cinn. Baineann tábhacht ar leith le bonneagar fuinnimh, uisce, leathanbhanda agus taighde ina leith sin.

*Maoiniúchán*

Tá an fháil ar mhaoiniú agus an costas atá bainteach leis ríthábhachtach, go háirithe maidir le tacú le fiontraíocht agus le forbairt fiontar beag agus meánmhéide. Leanfaidh RPFN ar aghaidh ag oibriú leis an Roinn Airgeadais, lenár gcuid gníomhaireachtaí agus le páirtithe leasmhara eile chun a chinntiú gur féidir le gnóthais na cistí a dteastaíonn uathu chun tosú agus chun fás a rochtain.

*Cánachas*

Baineann ríthábhacht le córas cánachais iomaíoch maidir le tacú le hinfheistíocht agus cruthú fostaíochta. Ní mór dúinn leanúint dár ndícheall a dhéanamh córas cánachais atá 'ar thús cadhnaíochta' a chruthú. Chuige sin, teastaíonn bearta leantacha chun iomaíochas ár gcórais chánach corparáidí a choinneáil mar aon le bearta chun a chinntiú go ngabhfar dreasuithe láidre le bheith ar obair (cánachas pearsanta) agus ag infheistiú (cánacha caipitil) in Éirinn. Maidir le cánachas pearsanta agus cánachas caipitil de, chuaigh iomaíochas na hÉireann i léig le linn an chúlaithe eacnamaíochta. Leanfaimid de mheasúnú a dhéanamh ar iomaíochas ár gcórais chánachais agus ar an toradh ar fhorbairtí idirnáisiúnta agus de thaighde a dhéanamh ar thograí a fheabhsaíonn ár gcumas chun tacú le hinfheistíocht agus le cruthú fostaíochta. Leanfaimid de bheith i dteagmháil leis an Roinn Airgeadais ar thograí a thacaíonn leis na spriocanna sin.

*Scileanna*

Baineann ríthábhacht le lucht oibre foghlamtha oilte ionas gur féidir lenár soláthar oibrithe cumasacha fás a bhrú chun cinn. Oibreoidh RPFN leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun a chinntiú go léireofar tosaíochtaí fiontar i leasú beartaithe na Straitéise Náisiúnta Scileanna (NSS) agus sa Straitéis do Theangacha Iasachta atá le teacht agus chun a chinntiú go dtabharfar aghaidh ar fud an gheilleagair ar scileanna a bhfuil éileamh orthu. Oibreoimid chun an dul chun cinn tábhachtach a beartaíodh leis an bPlean Gníomhaíochta um Scileanna TFC a bhaint amach. Chomh maith leis sin, leanfaimid ar aghaidh ag oibriú le soláthraithe oideachais ag an leibhéal náisiúnta, ag an leibhéal réigiúnach agus ag an leibhéal áitiúil (e.g. an earnáil Ardoideachais, Breisoideachas agus Oiliúint) chun a chinntiú go bhfeabhsóidh an earnáil oideachais a leibhéal teagmhála le fiontair agus go gcuirfidh sí a soláthar ar chomhréim leis na riachtanais scileanna atá ag fostóirí.

Leanfaidh an RPFN ar aghaidh ag tacú leis an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí ó thaobh anailís taighde agus dháileadh a chuid oibre ar a pháirtithe leasmhara (e.g. daltaí, treoirchomhairleoirí, soláthraithe oideachais agus oiliúna agus tionsclaíocht) de. Beidh ról tábhachtach ag an Sainghrúpa in athbhreithniú a dhéanamh ar an Straitéis Náisiúnta Scileanna le linn 2015, lena n-áirítear taighde nua ar earnálacha agus ar riachtanais scileanna sa todhchaí.

Rud a chuireann go mór lenár riachtanais scileanna is ea an infheistíocht a dhéanaimid i dtaighde agus nuálaíocht, i.e. caipiteal daonna ag a bhfuil cumas den scoth a fhorbairt ar fud raon leathan earnálacha, lena n-áirítear earnálacha lena mbaineann deis straitéiseach le haghaidh fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta na hÉireann go háirithe.

### *Rialáil*

Baineann ríthábhacht le dea-rialáil maidir le feidhmiú cuí na margaí. Tá ról ag RPFN sa dearcadh fiontraíochta ó thaobh rialála de a úsáid chun dul i bhfeidhm ar an lucht déanta beartas ar fud an Rialtais.  Ag an am céanna, áfach, is féidir le rialacháin atá trom nó díréireach gan ghá drochthionchar a imirt ar iomaíochas agus fás a laghdú.  Chun a chinntiú nach bhfuil riachtanais riaracháin na rialála ina gcúis le costais mhíchuí do ghnó san earnáil phoiblí, déanfaidh an Grúpa Ardleibhéil um Rialáil Gnó, ar buanghrúpa comhrá é a chuimsíonn ionadaithe gnó agus ceardchumainn agus oifigigh a ndéanann an tAire um Ghnó agus Fostaíocht cathaoirleacht air, leanúint ar aghaidh ag sainaithint ceisteanna nithiúla ualaí riaracháin. De bhreis air sin, leanfaidh sé ar aghaidh ag lorg réiteach ar na ceisteanna sin le Gníomhaireachtaí agus Comhlachtaí ábhartha ar fud an Rialtais a chuirfidh leis an áit is fearr ina ndéanfaí gnó a dhéanamh d'Éirinn.

### *Beartas agus Straitéis Trádála*

Tá freagracht fhoriomlán ar RPFN as beartas náisiúnta trádála agus tá sí i gceannas ar cheisteanna trádála an AE.  Trí oibriú le comhghleacaithe sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, arb í an roinn a bhfuil príomhfhreagracht uirthi as cur chun cinn na trádála, leanfaimid den Straitéis Náisiúnta um Thrádáil, Turasóireacht agus Nuálaíocht, arna leasú i mí Feabhra 2014, a chur chun feidhme i dteannta ár gcuid gníomhaireachtaí tríd an gComhairle um Thrádáil Easpórtála.  Chomh maith leis sin, tá freagracht ar RPFN as ceadúnais onnmhairiúcháin, as earraí dé-úsáide agus as earraí míleata faoi chomhaontuithe an AE agus faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta eile.

### *Soláthar*

Leanfaidh soláthar poiblí de bheith ina dheis thábhachtach sa mhargadh intíre do chuideachtaí Éireannacha ós rud é go gcaitheann earnáil an Rialtais €8 billiún sa bhliain ar earraí agus ar sheirbhísí.  Ina theannta sin, tugann soláthar poiblí deis do ghnólachtaí nuálacha conarthaí a bhuachan a fhéadann a bheith ina bpointí tagartha le haghaidh dul in iomaíocht i margaí thar lear.

I dteannta Fhiontraíocht Éireann agus Idir-Thrádáil Éireann, oibreoidh RPFN leis an Oifig um Sholáthar Rialtais chun a chinntiú go mbeidh an rochtain is fearr is féidir ag fiontair bheaga agus mheánmhéide ar dheiseanna soláthair phoiblí, laistigh de rialacha soláthair an AE agus rialacha soláthair náisiúnta.  Leagfar béim freisin ar an soláthar táirgí agus seirbhísí nuálacha a fheabhsú i soláthar poiblí nuair is cuí.

*Freagracht Shóisialta Chorparáideach*

Is mó anois a bhíonn cleachtais freagrachta sóisialta corparáidí ag cabhrú le hidirdhealú a dhéanamh idir na cuideachtaí is fearr agus a n-iomaitheoirí tríd an dóigh a ndéanann siad teagmháil lena gcuid custaiméirí, soláthraithe agus fostaithe agus lena bpobail áitiúla. In *Chun Tairbhe an Ghnó, Chun Tairbhe an Phobail*, Plean Náisiúnta na hÉireann um Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach 2014-2016, leagtar fís amach go dtabharfar aitheantas d'Éirinn mar Ionad Barr Feabhais de bharr cleachtais ghnó atá freagrach agus inbhuanaithe. I gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara, déanfaimid dul chun cinn ar chuspóirí an Phlean Náisiúnta um Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach agus ardóimid an t-iomrá ar fhreagracht shóisialta chorparáideach mar bhealach chun iomaíochas a fheabhsú ag leibhéal fiontar agus cur go fónta leis na pobail ina n-oibríonn gnóthais ag an am céanna.

*An tAthrú Aeráide agus an Geilleagar Glas*

Tugtar idir dhúshláin fhéideartha agus dheiseanna féideartha do ghnóthais Éireannacha leis an bhfeachtas ar son geilleagar ísealcharbóin inbhuanaithe. Le linn thréimhse feidhme na Straitéise seo, comhaontófar spriocanna nua ag leibhéal an AE agus ag leibhéal leathan náisiúnta a bhainfidh le laghduithe ar gháis cheaptha teasa, ar fhuinneamh in-athnuaite agus ar éifeachtúlacht fuinnimh. Déanfaidh RPFN ionadaíocht do na dearcthaí fiontraíochta agus iomaíochais ag fóraim thábhachtacha Idir-rannacha agus féachfaidh sí le deiseanna a fhorbairt sa Gheilleagar Glas do chuideachtaí lonnaithe in Éirinn de réir *Ár nAcmhainn Ghlas a Bhaint Amach*, Ráiteas Beartais an Rialtais ar Fhás agus Fostaíocht sa Gheilleagar Glas.

## Líonrú agus tionchar a imirt ag leibhéal an AE agus ag leibhéal idirnáisiúnta

Faoi láthair, tá an timpeallacht gnó dhomhanda ag athrú ar bhealach níos seasmhaí agus níos tapa ná tráth ar bith riamh. De bharr a oscailtí atá geilleagar na hÉireann, is féidir le hathruithe ar an timpeallacht gnó idirnáisiúnta deiseanna móra agus dúshláin mhóra a chruthú d'Éirinn.

Tá an AE úsáideach maidir le poist, le fás agus le hinfheistíocht eachtrach agus cuireann sé ar chumas a Bhall, bíodh siad mór nó beag, níos mó a bhaint amach ná a dhéanfadh siad ina n-aonar. Tá teagmháil rathúil déanta ag Éirinn leis an AE agus lenár gcomhpháirtithe san AE le roinnt blianta anuas. Buaicphointe na teagmhála sin a bhí in Uachtaránacht rathúil ar an AE in 2013. Tá ról tábhachtach ag RPFN ina leith sin mar thoradh ar a ról treoraithe agus comhordaithe i dtrí chomhairle Aireachta, i gComhairle Iomaíochais an AE, sa Chomhairle um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (EPSCO) agus sa Chomhairle Trádála agus mar go ndéanann sí ionadaíocht d'Éirinn ag na comhlachtaí seo: an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO), an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (ILO), an Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil (WIPO), an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) agus Gníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA). Leanfaimid de bheith ag díriú ar a chinntiú go seasfar do leasanna na hÉireann agus go gcosnófar go láidir iad agus ar a chinntiú go

léireofar na leasanna sin i gcinntí idirnáisiúnta a thacóidh lenár gclár oibre um poist agus iomaíochas.

Trí fhoirmíochtaí Chomhairle an AE, déanann RPFN monatóireacht ar fhorbairtí beartais AE a théann i bhfeidhm ar an Aontas agus ar Éirinn agus ar chaidreamh le bloic thrádála eile agus cuireann sí leis na forbairtí beartais sin. Ina theannta sin, déanann RPFN teagmháil le Clár Bliantúil Reachtaíochta agus Oibre agus Cláir Uachtaránachta an Choimisiúin, leis an Oireachtas agus le Parlaimint an AE.

Ó thaobh na Comhairle Iomaíochais de, eochairceist don Aontas is ea iomaíochas mar gheall ar an ngá atá againn le fás agus mar gheall ar an bpráinn a bhaineann lenár n-áit i gcomparáid le bloic thrádála eile a fheabhsú. Leanfaidh RPFN ar aghaidh, trí obair na Comhairle sin, ag cur príomhshruthú iomaíochais thionsclaíoch chun cinn ar fud raon de bheartais an AE a imríonn tionchar ar iomaíochas, lena n-áirítear beartais maidir le fuinneamh agus maidir leis an athrú aeráide. Chomh maith leis sin, leanfaimid ar aghaidh ag tacú le cur chun cinn a dhéanamh ar an bhfiontraíocht agus ar bheartais lena mbaintear leas iomlán as acmhainneacht an Mhargaidh Aonair agus an Mhargaidh Aonair Dhigitigh. Déanann an tAire Richard Bruton agus an tAire Damian English ionadaíocht d’Éirinn i dtaca le saincheisteanna um an Tionsclaíocht agus um an Margadh Inmheánach agus Taighde faoi seach.

Tá freagracht ar RPFN as beartas fostaíochta na hÉireann a chur chun cinn sa Chomhairle um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (EPSCO) agus as teagmháil leis an Seimeastar Eorpach a chomhordú trí chomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle i dtaca leis an gclár oibre um poist agus fás, le treoirlínte agus le moltaí atá sonrach don tír. Déantar dlúth-theagmháil le Ranna eile ar fud raon leathan réimsí beartais (e.g. cosaint shóisialta, scileanna, oiliúint, ceisteanna comhionannais, etc.) a gclúdaíonn an EPSCO iad agus ar fud na réimsí sin a thagann go díreach laistigh de phunann RPFN (i.e. cearta fostaíochta, caidreamh tionsclaíoch, sláinte agus sábháilteacht san áit oibre). Déanann an tAire Ged Nash ionadaíocht d’Éirinn ag an gComhairle sin.

Leanfaidh RPFN d’ionadaíocht a dhéanamh d’Éirinn agus de thionchar a imirt ar bhreithniúcháin bheartais idirnáisiúnta a thagann aníos tríd an bhfoireann atá aici a ath-iomlonnaíodh chuig ionadaíochtaí na hÉireann sa Bhruiséil agus sa Ghinéiv agus trína hAmbasáid i Londain agus trí ionadaíocht dhíreach a bheidh á déanamh ag foireann na Roinne ar roinnt coistí straitéiseacha agus grúpaí oibre atá ag oibriú ag leibhéal an AE agus ag an leibhéal idirnáisiúnta. Baineann tábhacht leis sin de bharr raon agus acmhainn airgeadas na gclár atá maoinithe ag an AE agus de bharr na dtionscnamh beartais straitéisigh a thagann aníos ar féidir leo cabhrú linn fás agus forbairt ár n-earnála fiontar a luathú. Teastaíonn ón ngeilleagar domhandaithe cothrom na Féinne agus cur chuige

comhroinnte maidir le fadhbanna coitianta. Leanfaidh RPFN de threorú ar son na hÉireann maidir lena rannpháirtíocht fhadtéarmach le heagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil baint acu le ceapadh agus maoirseacht a dhéanamh ar an dóigh a ndéantar cearta sóisialta a chur chun feidhme, amhail an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair agus Comhairle na hEorpa.

Sa tréimhse idir 2015 agus 2017, leanfaidh RPFN den chur chun feidhme atá á dhéanamh in Éirinn ar phríomhbheartais straitéiseacha an AE a threorú agus a chomhordú, lena n-áireofar beartais i dtaca leis na nithe seo: iomaíochas, an margadh aonair, fiontraíocht, taighde agus forbairt agus spriocanna fostaíochta agus beartais shóisialta an AE. Oibreoimid chun a chinntiú go gcomhlíonfar go hiomlán agus go tráthúil na hoibleagáidí trasuímh agus tuairiscithe i leith Threoracha an AE agus na hoibleagáidí i leith Iniúchadh Oireachtais ar thograí de chuid an AE.

## An tionchar a bhíonn ag comhaontuithe trádála idirnáisiúnta a uasmhéadú

Cinntear Beartais Trádála Iltaobhaí ag leibhéal an AE agus leanfaidh RPFN d'ionadaíocht a dhéanamh do leasanna na ngnóthas atá ag trádáil ag an leibhéal idirnáisiúnta. Beartais trádála agus comhaontuithe idirnáisiúnta, amhail an comhaontú trádála ionchasach idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe, is é sin, an Chomhpháirtíocht Trádála agus Infheistíochta, is féidir leo tionchar leathan a imirt ar an ngeilleagar agus ar fhostaíocht. Táimid ag coinne leis go dtabharfar Comhaontuithe Saorthrádála tábhachtacha eile chun críche in 2015, lena n-áireofar comhaontú a bhfuil an tSeapáin agus Vítneam páirteach ann. Chomh maith leis sin, oibreoimid le leas a bhaint as Comhaontuithe Trádála a thiocfaidh i bhfeidhm, amhail comhaontú a bhfuil Ceanada páirteach ann.

Is é an toradh atá ar rannpháirtíocht RPFN in eagraíochtaí idirnáisiúnta, ar nós an AE agus na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, ná go gcinntíonn sí go gcloíonn na poist arna gcruthú ag trádáil oscailte le croíchaighdeáin idirnáisiúnta saothair. D'fhonn an tionchar dearfach a bhíonn ag comhaontuithe trádála a bhaint amach, baineann ríthábhacht le córais dea-cheaptha um rialacháin saothair agus oiliúint scileanna atá freagrach do riachtanais ghnó. Féachfaidh RPFN agus a cuid gníomhaireachtaí le feasacht a ardú ar dheiseanna nua fiontraíochta a eascróidh as comhaontuithe idirnáisiúnta trádála agus infheistíochta an AE, lena n-áireofar rochtain fheabhsaithe ar mhargaí, bealaí leathana soláthair, tuilleadh intuarthachta sa timpeallacht trádála agus laghdú ar an rómhaorlathas ag teorainneacha. Ba cheart go dtiocfaí sochair mhóra freisin as comhaontuithe trádála ilpháirtithe in earnálacha nua ar nós earraí comhshaoil agus Comhaontú Seirbhísí leathan nua.

## Earnálacha ardacmhainne

Tá forbairt déanta ag Éirinn ar láidreachtaí i roinnt earnálacha agus tá sé léirithe aici go bhfuil an cumas aici bunathrú go leanúnach agus oiriúnú d'athrú. Anuas ar thacú le feabhsúcháin inár dtimpeallacht leathan gnó, cuirfimid ár bhfreagairtí beartais in oiriúint. Cinnteoidh sé sin go rachaimid i ngleic le teipeanna margaidh agus go spriocdhíreoimid ár n-acmhainní srianta chun an toradh eacnamaíoch a bharrfheabhsú.

Is féidir linn ár láidreachtaí tábhachtacha a fhorbairt in earnálacha ar nós TFC, Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta, Eolaíochtaí Sláinte agus Beatha agus Agraibhia. Is ann d'acmhainn mhór nár baineadh leas aisti go fóill i ngníomhaíochtaí ar nós Cúram Sláinte, Seirbhísí Oideachais, Teicneolaíochtaí Glasa agus Gníomhaíochtaí Mara agus Muirí. In earnálacha níos aibí amhail Tógáil, Miondíol, Innealtóireacht, Iompar/Leithdháileadh agus Turasóireacht, tairgtear acmhainneacht le haghaidh fáis agus athnuachana. Is gá freisin a chinntiú go bhfuil bonn láidir gníomhaíochtaí iomaíocha a thrádálann go háitiúil ag Éirinn i raon seirbhísí gairmiúla agus gnó. Is é is dóichí go n-eascróidh na deiseanna nua d'Éirinn as imill na n-earnálacha atá ann cheana a dhoiléiriú (mar shampla, nútraiceodacht, sláinte nasctha, idirlíon na n-earraí); agus as sainaithint a dhéanamh ar dheighleoga nua agus éiritheacha sa mhargadh ardfháis a thugann deiseanna d'fhiontair a oibríonn i roinnt earnálacha atá ann cheana (mar shampla, Aosú Cliste, Teicneolaíocht Ghlan, Idirlíon Tomhaltóirí agus an Geilleagar Roinnte). Teastaíonn cur chuige trasrialtais chun tacú le forbairt fiontar i roinnt mhaith de na réimsí sin.

Tá ról suntasach imeartha ag RPFN agus ag a gcuid Gníomhaireachtaí Fiontraíochta i gclár oibre beartais earnálaigh a leagan amach (mar shampla, Eolaíochtaí Beatha, Ríomhchluichí, Tógáil, an Geilleagar Glas, Miondíol, Déantúsaíocht). Go dtí seo, rinneadh dul chun cinn ar chur chun feidhme beartais atá sonrach don earnáil trí roinnt meicníochtaí éagsúla, lena n-áirítear na nithe seo: an Chomhghuaillíocht Eolaíochtaí Beatha, an Fhoireann Forbartha um Braisliú Cluichí, Grúpa Teach Imréitigh an Lárionaid Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta (IFSC), an Grúpa Ardleibhéil Fómhar Bia, an Grúpa Forbartha Déantúsaíochta agus an Plean Gníomhaíochta um Scileanna TFC. Príomhdhúshlán beartais is ea díriú marthanach beartais a choinneáil ar bhealach comhordaithe ar earnálacha aonair a fhorbairt.

Forbróidh RPFN cur chuige neartaithe náisiúnta beartais maidir le forbairt agus braisliú éiceachóras earnálach in Éirinn agus leas á bhaint as an gcleachtas éifeachtach ag an leibhéal idirnáisiúnta agus as an taithí a gnóthaíodh go dtí seo. Ó thaobh réimsí nua agus éiritheacha fáis de, tá sé ríthábhachtach go leanaimid ar aghaidh ag scanadh ionchais, agus úsáid á baint as ár gcumais taighde agus naisc á gcoinneáil le ceannairí sainréimse in eochairthionscail. Leanfaidh RPFN de staidéir chuimsitheacha earnála a dhéanamh sna trí bliana le teacht de réir mar is cuí.

## Margaí

Tacóidh RPFN leis na gníomhaireachtaí fiontraíochta a ndíriú agus a lorg a mhéadú i margaí ardfháis agus i margaí éiritheacha agus réimsí nua deiseanna a mhéadú le haghaidh onnmhairí agus infheistíocht isteach. Imreoidh RPFN ról ceannasach i gcur chuige Rialtais uile chun turasóireacht, trádáil agus infheistíocht mhéadaithe a bhrú chun cinn tríd an bPlean Gníomhaíochta do Phoist agus tríd an gComhairle um Thrádáil Easpórtála. Chun tacú leis an bhfeachtas sin, leanfaidh RPFN ar aghaidh ag oibriú go dlúth agus ag dul i dteagmháil leis na tionscail agus lena cuid comhlachtaí ionadaíochta, leis na gníomhaireachtaí fiontraíochta agus le Ranna eile Rialtais.

| *Caibidil* | *Gníomh* | *Spriocthorthaí* | *Táscairí Feidhmíochta* | *Fráma ama (Bliain)* |
|---|---|---|---|---|
| 1.1 | **Forbróimid, ach oibriú ar fud an Rialtais, Plean Gníomhaíochta bliantúil do Phoist a bhféadfar lánfhostaíocht iomlán a bhaint amach dá bharr ach an timpeallacht do chruthú fostaíochta a fheabhsú agus an fuinneamh ar son athchóirithe ar fud an Rialtais a choinneáil.** | Plean gníomhaíochta uaillmhianach do phoist a fhorbairt a bhrúnn cruthú fostaíochta chun cinn in Éirinn ar an mbealach i dtreo lánfhostaíocht inbhuanaithe. | Tá 5 phríomhsprioc ag an bPlean Gníomhaíochta do Phoist:<br><br>Tacú le 100,000 post breise faoin mbliain 2016, 40,000 post díobh sa bhliain 2015<br><br>Éire a thabhairt ar ais isteach sna cúig áit is fearr ó thaobh iomaíochas idirnáisiúnta de<br><br>Braislí den scoth a thógáil in earnálacha tábhachtacha deise<br><br>Inneall dúchasach fáis a thógáil a mhéadóidh an sciar den mhargadh onnmhairiúcháin atá ag cuideachtaí Éireannacha<br><br>An geilleagar intíre a spreagadh agus fostaíocht a chruthú in earnálacha trádála áitiúla | 2015 – 2017 |
| 1.2 | **Teagmháil a dhéanamh le Ranna eile Rialtais agus le fóraim de chuid an Rialtais maidir leis an gclár oibre fiontar (lena n-áirítear scileanna, nuálaíocht, bonneagar, airgeadas, maoiniúchán, cáin, costais riaracháin, soláthar, an t-athrú aeráide agus freagracht shóisialta chorparáideach)** | Gníomhartha déanta ar fud an Rialtais agus muid ag iarraidh ár misean a chomhlíonadh | Dul chun cinn in éadan chlár na rannpháirtíochtaí déthaobhacha atá leagtha amach thuas<br><br>Tionchar a imirt ar bheartais go héifeachtach | 2015 – 2017 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 1.3 | **Béim a leagan ar phríomhdhúshláin iomaíochais a dteastaíonn gníomhaíocht uathu trínár gcláir agus trínár dteagmháil le Ranna eile Rialtais** | Feabhas ar iomaíochas costais struchtúrtha agus feabhas ar tháirgiúlacht<br><br>Cur chun feidhme déanta ar phríomh-mholtaí na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais agus an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí<br><br>Straitéis Náisiúnta Scileanna nua a fhorbairt i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna | Feabhsú ar an áit sna ranguithe iomaíochais idirnáisiúnta (IMD, an Fóram Eacnamaíoch Domhanda (WEF) agus an Banc Domhanda)<br><br>Feabhsúcháin ar iomaíochas costais (príomhchostais ghnó)<br><br>Fás ar Tháirgiúlacht<br><br>Fáil ar scileanna<br><br>Dul chun cinn in aghaidh mholtaí na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais agus an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí ar ghlac an Rialtas leo | 2015 – 2017 |
| 1.4 | **Tacú le hAirí ina dteagmháil le Coistí Comh-aireachta, leis an Oireachtas, le hinstitiúidí an AE agus le fóraim idirnáisiúnta eile** | Tacaíonn torthaí beartais agus infheistíocht de chuid na tíre seo agus de chuid an AE leis an gclár oibre um Poist agus Iomaíochas | Teagmháil luath déanta ag Airí ar bheartais reatha agus éiritheacha de chuid na tíre seo agus de chuid an AE | 2015 – 2017 |
| 1.5 | **Tacú le forbairt earnálacha tábhachtacha a bhfuil acmhainn acu le haghaidh fás suntasach fostaíochta in Éirinn**<br><br>**Éiceachórais earnálacha iomaíocha a fhorbairt ach teagmháil a dhéanamh le Ranna ábhartha Rialtais** | Éire a bheith ina lárionad aitheanta d'earnálacha éiritheacha tábhachtacha, mar shampla, Mór-Shonraí, Idirlíon na nEarraí (IOT) | Feidhmíocht láidir díolacháin agus onnmhairiúcháin dhúchasaigh in earnálacha tábhachtacha<br><br>Éire ar an Tír a roghnóidh cuideachtaí atá páirteach in earnálacha tábhachtacha (Mór-Shonraí, Anailísíocht)<br><br>Fostaíocht ar ardchaighdeán agus inbhuanaithe a bheith cruthaithe<br><br>Taighde den scoth | 2015 - 2020 |
| 1.6 | **Tacú le forbairt earnálacha nua agus éiritheacha a bhfuil acmhainn acu fostaíocht mhór a chruthú in Éirinn** | Éire aitheanta mar lárionad do na nithe seo: | Bonneagar taighde den scoth i dtionscail a thacaíonn le Mór-Shonraí.<br><br>Éire ar an Tír a roghnóidh cuideachtaí atá páirteach in anailísíocht Mór-Shonraí | 2015 - 2020 |



# 2. Ardfheidhmíocht a Chur Chun Cinn agus a Chothú i measc Fiontar

## Sprioc

Is é an sprioc fhoriomlán atá ann cultúr fiontraíochta láidir, acmhainn gnó na réigiún, bonn fiontar dúchasach atá láidir agus mealladh infheistíochta dírí eachtraí a chur chun cinn ar mhaithe leis an oiread post agus is féidir a chruthú.

D'fhonn an sprioc sin a bhaint amach, neartóimid bonn gnó na hÉireann trí fhiontraíocht den scoth a chothú, trí fhiontair dhúchasacha a spreagadh sciar méadaitheach de mhargaí domhanda a ghnóthú, trí infheistíocht dhíreach eachtrach ardfheidhmíochta a mhealladh agus a leabú i réimsí a chuireann le láidreachtaí iomaíochais na hÉireann agus trí bhraislí láidre fiontar réigiúnach a chruthú a chuirfidh le buntáistí iomaíochais na hÉireann.

## Gnó Inbhuanaithe, Poist Inbhuanaithe

Agus geilleagar beag oscailte aici, bíonn Éire ag brath ar chuideachtaí dúchasacha a thrádálann go hidirnáisiúnta a chruthú agus ar infheistíocht shoghluaiste idirnáisiúnta a mhealladh ar mhaithe le fostaíocht inbhuanaithe ar ardchaighdeán a chruthú. I gCaibidil 2, leagaimid amach an dóigh a n-oibreoimid leis an Rialtas ar fad chun timpeallacht a thacaíonn le fiontar a chur ar aghaidh. Ina theannta sin, oibreoimid go díreach le fiontraithe, le gnóthais mhóra agus bheaga agus le corparáidí ilnáisiúnta, agus sinn ag glacadh, de réir mar is cuí, cur chuige i leith na cuideachta ar fad ar mhaithe le hinmharthanacht fhadtéarmach agus le fás fadtéarmach a áirithiú. Trí obair na ngníomhaireachtaí forbartha fiontar, agus trí shraith meicníochtaí maoiniúcháin agus cláir mhaoiniúcháin, tacóidh RPFN le hacmhainn fiontraíochta, onnmhairiúcháin, nuálaíochta, scileanna agus fostaíochta na hearnála gnó ar fud na n-earnálacha éagsúla, na méideanna cuideachta éagsúla agus na réigiún éagsúil atá ann.

## Bonn Gnó na hÉireann a Fhorbairt

Cuspóir lárnach de chuid straitéis RPFN is ea bonn fiontar agus poist atá inbhuanaithe agus nuálach a fhorbairt ar fud na hÉireann.

Mar atá leagtha amach i gCaibidil 2, léireoidh RPFN ceannaireacht ar leibhéal Rialtais agus ar fud Ranna agus a cuid Gníomhaireachtaí, agus oibreoidh sí le hÚdaráis Áitiúla, chun timpeallacht a chruthú inar féidir le fiontair rath a bhaint amach agus poist a chruthú, go

háirithe tríd an bPlean Gníomhaíochta do Phoist. Chomh maith leis sin, imríonn RPFN tionchar lárnach ar chur chuige Rialtais iomláin a spreagadh i leith láthair tharraingteach don ghnó a dhéanamh d'Éirinn.

Tá ról díreach ag RPFN freisin maidir le fiontair atá in ann dul san iomaíocht i margaí onnmhairiúcháin a thionscnamh, a fhorbairt agus a mhealladh freisin. Trína cuid gníomhaireachtaí forbartha (Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann, an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus líonra na nOifigí Fiontar Áitiúil), cuireann RPFN meascán idirghabhálacha agus tacaí ar fáil ar fud na gcéimeanna éagsúla forbartha gnó atá ann – in earnálacha traidisiúnta agus in earnálacha atá ag teacht chun cinn araon – ar mhaithe le dul san iomaíocht bunaithe ar nuálaíocht, ar scileanna agus ar tháirgiúlacht. Agus é mar aidhm gnóthais Éireannacha a thionscnamh, is i bhfoirm maoiniúcháin agus cothromais atá na príomhthacaí díreacha atá ar fáil chun bonn tionscal dúchasach na hÉireann a fhorbairt. Tá raon tacaí ar fáil freisin a bhfuil sé mar aidhm leo bainistíocht, táirgiúlacht, inniúlacht taighde agus nuálaíochta agus dul i bhfód onnmhairí a neartú.

## Tacú le Meascán Leathan Fiontar

Is é atá i gceist le Straitéis RPFN meascán leathan fiontar agus earnála a fhorbairt d'fhonn cruthú fostaíochta dírí agus indírí a uasmhéadú ar fud an gheilleagair agus d'fhonn dul i mbun seirbhísí déantúsaíochta agus seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta, lena n-áirítear in earnálacha traidisiúnta, in earnálacha nua agus in earnálacha atá ag teacht chun cinn, bealaí nua le gnó a dhéanamh, gnólachtaí nuathionscanta ardacmhainne, fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus fiontair ilnáisiúnta atá faoi úinéireacht Éireannach agus eachtrach.

### *Fiontraíocht a Chur Chun Cinn*

Sa Ráiteas Beartais Náisiúnta ar Fhiontraíocht in Éirinn arna fhoilsiú ag an Roinn i mí Dheireadh Fómhair 2014, leagtar amach na cuspóirí straitéiseacha atá ann chun éiceachóras fiontraíochta na hÉireann a fheabhsú agus leagtar síos an treo a leanfaidh an beartas sna blianta atá le teacht. Is iad seo a leanas na sé ghné straitéiseacha dá bhfuil an t-éiceachóras fiontraíochta in Éirinn comhdhéanta:

1. Cultúr, caipiteal daonna agus oideachas,
2. An timpeallacht gnó agus tacaí,
3. Nuálaíocht,
4. Rochtain ar mhaoiniúchán,
5. Líonraí agus meantóireacht; agus
6. Rochtain ar mhargaí.

Is gá do na gnéithe sin athneartú a dhéanamh ar a chéile, agus iad ina n-aonad comhleanúnach a thacaíonn le fiontraithe ar fud shaolré na fiontraíochta. Dá bhrí sin, cuireadh cuspóirí le chéile i leith gach ceann de na sé ghné. Is iad seo a leanas na cuspóirí uileghabhálacha:

- Líon na ngnólachtaí nuathionscanta atá ann a mhéadú faoi 25% (3,000 gnólacht nuathionscanta breise gach bliain);
- An ráta marthanais sa chéad chúig bliana a mhéadú faoi 25% (1,800 marthanóir breise gach bliain); agus
- An acmhainn atá ag gnólachtaí nuathionscanta fás de réir scála a mhéadú faoi 25%.

Faoi gach cuspóir, sainaithneoidh RPFN príomh-thagarmharcanna agus forbróidh sí gníomhartha le gníomhaireachtaí poiblí agus le gníomhaithe príobháideacha sa réimse ar mhaithe le feabhas leanúnach a bhaint amach.

***An Earnáil Trádála Intíre a Fhorbairt***

Imríonn gnólachtaí nuathionscanta, mionghnóthais agus gnóthais bheaga ról ríthábhachtach sa gheilleagar agus tá an cumas atá acu rath a bhaint amach agus fás mar bhonn taca faoin acmhainn a bheidh ag Éirinn poist a chruthú agus fás agus rathúnas a bhaint amach sa todhchaí. Toisc go bhfuil fiontair bheaga agus mheánmhéide freagrach as níos mó ná 99% de ghnóthais sa gheilleagar fiontar in Éirinn agus go bhfuil siad freagrach as beagnach 70% d'fhostaithe earnála príobháidí sa gheilleagar fiontar, tá sé ríthábhachtach go leanfar ag díriú ar ghníomhartha praiticiúla ar féidir leo feabhsuithe sa timpeallacht oibriúcháin a bhaint amach d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide sa gheilleagar intíre. Mar aon lena chinntiú go mbíonn timpeallacht gnó iomaíoch ann do gach gnóthas ó thaobh rialála agus caighdeán de, leanfaidh RPFN ar aghaidh le leasanna fiontar beag agus meánmhéide a chur chun cinn ar fud gach Roinne agus comhlachta Rialtais agus cinnteoidh sí go gcuirfidh an Rialtas leasanna fiontar beag agus meánmhéide Éireannach san áireamh agus tionscnaimh bheartais á bhforbairt agus á gcur i bhfeidhm aige ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.

Freastalóidh RPFN ar chomhphlé struchtúrtha leanúnach rialta le hionadaithe d'earnáil na ngnóthas beag in Éirinn. Ceann de na príomh-mheicníochtaí ina mbainfear é sin amach is ea an Grúpa Comhairleach do Ghnóthais Bheaga atá faoi chathaoirleacht an Aire Gnó agus Fostaíochta. Is é ról an Ghrúpa Chomhairligh na príomh-shaincheisteanna a théann i bhfeidhm ar ghnóthais bheaga a shainaithint agus tograí a fhorbairt chun dul i ngleic leis na saincheisteanna sin. Cuirfear na tograí san áireamh ina dhiaidh sin i bpróiseas an Phlean Gníomhaíochta do Phoist. Chomh maith leis sin, cuireann an Grúpa méid tábhachtach leis an bpróiseas bliantúil buiséid. Leanfaimid de bheith ag obair le hearnáil na ngnóthas beag intíre tríd an bhFóram Comhairliúcháin Mhiondíola.

***Cuideachtaí Éireannacha a Shaothrú agus a Idirnáisiúnú***

Príomhchuspóir de chuid RPFN trí bheartas Fhiontraíocht Éireann is ea fiontair faoi úinéireacht Éireannach a shaothrú ionas go mbeidh siad in ann dul san iomaíocht go héifeachtach i margaí idirnáisiúnta agus onnmhairí agus poist inbhuanaithe a chruthú. De réir caighdeáin idirnáisiúnta, tagann formhór na ngnóthas Éireannach faoi chatagóir na nGnóthas Beag agus Meánmhéide agus teastaíonn tacaí "crua" (airgead) agus tacaí "boga" (e.g. bainistíocht, meantóireacht) araon uathu chun gur féidir leo dul san iomaíocht go héifeachtach. Is é an aidhm atá againn tacaíocht a thabhairt do na gnóthais sin trí chur leis an gcumas atá acu sciar de mhargaí eachtracha a ghnóthú agus a fhás.

Tá sé mar straitéis againn raon tacaí a chur ar fáil, agus cur chuige á ghlacadh againn i leith na cuideachta ar fad. Áirítear iad seo a leanas leis na bearta tacaíochta: maoiniúchán tacaíochta (deontais trí Fhiontraíocht Éireann agus trí líonra na nOifigí Fiontar Áitiúil agus infheistíocht i gcothromas); tacaí forbartha, meantóireachta agus oiliúna bainistíochta atá dírithe ar fhás; cláir forbartha gnó amhail próisis ghnó "bharainnigh"; tacaí i gcomhair forbairt táirgí, forbairt teicneolaíochta agus nuálaíochta; tacaí margaí agus cur chun cinn trádála.

***Infheistíocht Dhíreach Eachtrach a Mhealladh***

Is é an príomhchuspóir atá ag RPFN a chinntiú go leanfaidh beartas infheistíochta dírí eachtraí na hÉireann de bheith iomaíoch in earnálacha cuí, agus go leanfaimid de bheith tarraingteach sna hearnálacha sin, ionas go soláthróidh an beartas an meascán cuí de thionscadail inbhuanaithe infheistíochta isteach. Tacú le branda idirnáisiúnta láidir na hÉireann a choinneáil ar bun. Dá bhrí sin, gnéithe ríthábhachtacha de straitéis RPFN is ea an acmhainn atá ag GFT Éireann infheistíocht a chur chun cinn agus tacaíocht éifeachtach iarinfheistíochta a chur ar fáil. Ina theannta sin, tá ról lárnach ag Fiontraíocht Éireann maidir le hinfheistíocht dhíreach eachtrach a chur chun cinn in earnálacha acmhainní nádúrtha amhail agraibhia agus próiseáil adhmaid. Mar is amhlaidh i gcás an chláir oibre fiontar i gcoitinne, bíonn an obair a dhéanann RPFN ar fud an rialtais ríthábhachtach maidir le forbairt agus le cothú a dhéanamh ar na réimsí sin a dhéanfaidh tairiscint infheistíochta dírí eachtraí na hÉireann a idirdhealú iarbhír, go háirithe i réimsí a bhaineann le tallann, le láithreacha a dhearadh, a phleanáil agus a bhainistiú (is é sin, láithreacha a chruthú atá tarraingteach d'infheistíocht agus do dhaoine le cónaí agus le hobair iontu) agus le taighde ceannródaíoch nasctha.

Leagtar amach sa Ráiteas Beartais ar Infheistíocht Dhíreach Eachtrach in Éirinn ó RPFN, Iúil 2014, an dóigh a ndéanfaidh Éire a tairiscint a idirdhealú ar mhaithe le buntáiste iomaíoch domhanda a chothú. Tá an méid sin ina bhunchloch do chreat beartais fiontar na hÉireann ar a bhfuil Straitéis GFT Éireann don tréimhse 2015-2019 bunaithe.

## Tacú le Forbairt Fiontar ar Leibhéal Áitiúil agus Réigiúnach

Tá rún daingean ag RPFN a chinntiú gur ar bhealach cothrom a thacaítear le forbairt fiontar agus le cruthú fostaíochta ar fud na réigiún ar fad agus go mbíonn deis acu go léir a lánacmhainn a fhorbairt. Is é an cuspóir atá ann cultúr fiontrach a spreagadh agus a chothú ar leibhéal áitiúil agus spreagadh a thabhairt d'aonáin sin a chuireann fiontar chun cinn – an rialtas áitiúil, soláthraithe oideachais, gníomhaireachtaí forbartha agus an earnáil phríobháideach ina measc – comhoibriú go héifeachtach le chéile chun an acmhainn forbartha fiontar atá ag gach réigiún a neartú. Chomh maith leis sin, déanfaimid breithniú ar bhealaí inar féidir beartais náisiúnta a aistriú ina ngníomh réigiúnach éifeachtach.

Is é an croíchuspóir atá againn sraith Straitéisí Fiontar Réigiúnach a fhorbairt, nithe a chuirfidh ar ár gcumas comhtháthú níos fearr a dhéanamh ar iarrachtaí na ngníomhaireachtaí forbartha fiontar agus na bpáirtithe leasmhara réigiúnacha eile tacú le fás fiontar agus le poist sna réigiúin. Cuimseoidh na Straitéisí Fiontar Réigiúnach gníomhartha lena soláthar ar leibhéal réigiúnach ar fud comhlachtaí ábhartha earnála poiblí, lena n-áirítear breisoideachas agus ardoideachas agus bonneagar eacnamaíoch, agus i measc údaráis áitiúla agus grúpaí gnó. Cuirfidh na Straitéisí freisin leis na pleananna reachtúla, áitiúla agus réigiúnacha a fhorbrófar faoi obair an Rialtais chun an Rialtas Áitiúil a athchóiriú. Straitéisí dinimiciúla a bheidh iontu. Nuashonrófar iad de réir mar a thagann deiseanna nua chun cinn i réigiún ar leith thar shaolré na Straitéise lena mbaineann.

I gcás gach straitéise réigiúnaí: forbróidh sí láidreachtaí réigiúnacha; déanfaidh sí fiontraíocht réigiúnach a bhrú chun cinn agus a chothú; nascfaidh sí comhpháirtithe fiontar réigiúnach lena chéile ar bhealaí nua; agus cuirfidh sí feabhas ar an timpeallacht a thacaíonn leis an bhfiontar.

Tar éis Oifigí Fiontar Áitiúil (OFÁnna) a bhunú laistigh de 31 údarás áitiúil ar fud na tíre sa bhliain 2014, is é an cuspóir atá ann go mbeidh OFÁnna ina n-ionad ilfhreastail i gcomhair comhairle, treorach agus tacaíochta d'fhiontraithe agus i gcomhair smaointe gnó ar leibhéal áitiúil. Mar aon le comhairle agus le treoir faoin raon tacaí Stáit atá ar fáil don fhiontar, is féidir leis na OFÁnna maoiniú, oiliúint, meantóireacht etc. a thairiscint do chineálacha áirithe fiontar. Agus iad ina mol le haghaidh forbairt fiontar ar leibhéal áitiúil, oibreoidh na OFÁnna leis an mórúdarás áitiúil, i gcomhpháirt le Fiontraíocht Éireann ar leibhéal náisiúnta agus réigiúnach agus i gcomhar le gníomhaireachtaí poiblí eile agus le heagraíochtaí príobháideacha d'fhonn an chuid is fearr as an acmhainn fiontraíochta i ngach ceantar. Déanfaidh na OFÁnna an méid sin faoi threoir a gcuid pleananna forbartha fiontar áitiúil, nithe ina leagfar amach a gcuid tionscnamh agus uaillmhianta le haghaidh fiontar a fhorbairt agus poist a chruthú sa cheantar áitiúil. Beidh na OFÁnna ina gcuid thábhachtach de na Straitéisí Fiontar Réigiúnach.

## Roghanna Maoiniúcháin a Fheabhsú d'Earnáil na bhFiontar Beag agus Meánmhéide

De réir mar a bhogann an geilleagar i dtreo céim nua fáis, tá deis againn anois clár oibre beartais níos réamhbhreathnaithí a fhorbairt, rud lena dtabharfar aghaidh ar na srianta timthriallacha agus struchtúrtha ar earnáil na bhfiontar beag agus meánmhéide (FBM) a mhaoiniú. Beidh ar straitéisí ina leith sin díriú ar an mbealach is fearr chun na nithe seo a leanas a dhéanamh: uasmhéadú a dhéanamh ar na tairbhí a bhainfidh FBManna as an ollstruchtúr airgeadais claochlaitheach atá againn in Éirinn anois; freastal ar fháil a bheith ann ar roghanna cistiúcháin atá cuí agus inbhuanaithe ar fud saolré an fhiontair bhig agus mheánmhéide; gníomhartha a ghlacadh a chuirfidh tuilleadh le córas airgeadais atá níos éagsúlaithe agus níos iomaíche a chruthú. Bainfidh ríthábhacht le spleáchas níos lú a bheith ann ar mhaoiniúchán bainc agus le cothromaíocht níos fearr a bheith ann idir maoiniúchán bainc agus maoiniúchán neamhbhainc maidir le fás inbhuanaithe fiontar a chothú trí thimpeallacht maoiniúcháin níos sofaisticiúla agus níos éagsúlaithe a bhaint amach in Éirinn. Tá roinnt tionscnamh sonrach ar bun ag RPFN chun fáil ar mhaoiniúchán don fhiontar a chur chun cinn. I measc na dtionscnamh sin, tá an scéim ráthaíochta iasachta, an scéim micreamhaoiniúcháin agus cistiúchán caipiteal fiontair trí Fhiontraíocht Éireann. Chomh maith leis sin, beimid ag obair le Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (CBSÉ) ar thionscnamh nua um maoiniúchán onnmhairiúcháin.

## An Chothromaíocht Rialála a Bharrfheabhsú don Ghnó

Is féidir leis an gcreat rialála tionchar ríthábhachtach a imirt ar an timpeallacht gnó agus ar an acmhainn a bhíonn ag gnó fás agus poist a chruthú. Bíonn an méid sin an-ábhartha i gcás gnóthais nuathionscanta. Agus clár oibre rialála níos fearr againn ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal AE araon, dearfaimid creat rialála nach gcuirfidh ualach ar ghnóthais den sórt sin déileáil le riarachán neamhriachtanach. Ar aon dul leis an gcur chuige sin, tacaímid le hiarrataí ar fhorais AE an t-ualach foriomlán rialála a laghdú gan an bonn a bhaint ó spriocanna beartais na rialála lena mbaineann.

Le hAcht na gCuideachtaí 2014, a chuirfear chun feidhme ina iomláine thar shaolré na Straitéise seo, déanfar dlí na gcuideachtaí in Éirinn a shimplí agus a nuachóiriú. Laghdóidh sé sin an t-ualach rialála a bheidh ann, go háirithe do chuideachtaí príobháideacha, agus leasanna páirtithe leasmhara á gcothromú ag an am céanna. Tá sé mar sprioc againn nach dtógfaidh sé ach 5 lá oibre ar a mhéad cuideachtaí a chuireann iarratas isteach ar líne a chlárú. Tá raon tionscnamh eile á dtabhairt isteach againn freisin chun cur ar chumas cuideachtaí a gcuid oibleagáidí a ríomh-chomhlíonadh ar an mbealach is éifeachtúla is féidir.

## Ceadanna Fostaíochta

Leanfaidh an córas Ceadanna Fostaíochta de bheith ag cabhrú le fiontair teacht ar thallann eachtrach atá i ngannchúis sa Stát. Beidh sé ina phríomhthosaíocht go fóill sa tréimhse 2015-2017 a chinntiú go gcuirfidh an córas ceadanna fostaíochta le hÉirinn a shuíomh mar láthair infheistíochta ina bhfuil luach saothair atá ardoilte agus a fhaigheann dea-luach saothair le fáil.

Sa chomhthéacs sin, déanfaidh RPFN na hathruithe a tugadh isteach leis an Acht um Cheadanna Fostaíochta (Leasú) 2014 a chur chun feidhme, rud arb é is aidhm dó cur leis an mbuntáiste iomaíoch atá ag Éirinn sa mhargadh scileanna domhanda. Rud tábhachtach, aithnítear leis an Acht gur cheart d'fhostóirí atá lonnaithe in Éirinn féachaint ar mhargadh saothair na hÉireann sula bhféachfaidh siad in áit eile. D'fhonn a chinntiú go mbeidh an córas ag luí le margadh saothair agus le timpeallacht fiontar a bhíonn ag athrú i gcónaí, déanfar an tsraith rialachán atá ag gabháil leis an Acht a athbhreithniú agus a oiriúnú dhá uair in aghaidh na bliana i gcomhar le páirtithe leasmhara.

## Beartais agus Suirbhéanna Fiontar a Mheas

Tá meastóireachtaí ríthábhachtacha maidir lena chinntiú gur oiriúnach, éifeachtúil agus éifeachtach atá na tacaí a thugtar d'fhiontar chun gur féidir leo tosú, fás, bheith iomaíoch agus poist a chruthú. Rinne RPFN clár córasach meastóireachta ar 50 taca d'fhiontar a chur i gcrích le déanaí chun a oiriúnaí, a éifeachtúla agus a éifeachtaí atá siad a mheas. Tá sé tábhachtach leanúint le tacaí gníomhaireachta fiontar a mheas go córasach d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Tionchar na n-idirghabhálacha beartais a bharrfheabhsú;
- Eolas a thabhairt do roghanna beartais straitéisí agus d'acmhainní a chur in ord tosaíochta;
- Comhleanúnachas a áirithiú nuair a bhíonn beartas fiontar á gcur chun feidhme; agus
- Cabhrú le cultúr meastóireachtaí a leabú ar fud na ngníomhaireachtaí forbartha.

Má táthar chun ár bhfeidhmíocht a mheas agus idirghabhálacha nua beartais a dhearadh, is gá sonraí ábhartha a bhailiú agus a anailísiú. Leanfaimid ar aghaidh le tabhairt faoi shuirbhéanna ar fheidhmíocht fiontar agus ar eolaíocht, ar thaighde agus ar nuálaíocht. Leanfaimid ar aghaidh le fianaise staitistiúil a sholáthar chun bonn taca a chur faoi chinntí beartais freisin.

## Beartas Fadtéarmach Fiontar na hÉireann a Neartú

Baineann ríthábhacht le beartas éifeachtach fiontar a bheith againn in Éirinn chun uaillmhian de chuid an Rialtais a bhaint amach – is é sin, go mbeidh 2.1 milliún duine i mbun oibre faoin mbliain 2020 – agus chun fás marthanach a áirithiú thar na deich mbliana atá le

teacht. Toisc go bhfuil Éire ag filleadh ar fhás anois, tá sé in am beartas fadtéarmach náisiúnta láidir fiontar a chur i láthair, rud ina leagfar amach fís shoiléir agus spriocanna agus ina ndéanfar an ghníomhaíocht fiontar ar fud an Rialtais a thabhairt le chéile. Beidh beartas éifeachtach ina leith sin bunaithe ar an méid seo a leanas agus tabharfar aghaidh ann ar an méid seo a leanas:

- Na príomhchúiseanna athraithe thar na deich mbliana atá le teacht agus tionchar an athraithe ar an ngnó.
- Bonn fiontar na hÉireann – an fheidhmíocht roimhe seo, an dinimic atá ag athrú, an rannchuidiú a dhéanann sé maidir leis an ngeilleagar agus an acmhainn atá aige an uaillmhian náisiúnta ó thaobh fostaíochta de a bhaint amach.
- Meastóireacht ar bheartais reatha fiontar agus ar bheartais ghaolmhara – maidir lena chomhleanúnaí atá siad agus maidir lena oiriúnaí atá siad do dhomhan a bhíonn ag athrú suas go 2025.
- Na riachtanais bheartais a bheidh ann suas go 2025 maidir le geilleagar inbhuanaithe nua a fhorbairt a bheidh bunaithe ar fhiontraíocht, ar fhiontraíocht tháirgiúil, ar nuálaíocht agus ar scileanna, arb iad na príomhréimsí fócais do RPFN agus dá cuid gníomhaireachtaí, agus na riachtanais trasrialtais a bheidh ann.

Sa chomhthéacs sin, déanfaimid ráiteas beartais ar a dtabharfar Beartas Fiontar 2025 a fhoilsiú sa bhliain 2015.

| *Caibidil* | *Gníomh Straitéiseach* | *Spriocthorthaí* | *Táscairí Feidhmíochta* | *Fráma ama (Bliain)* |
|---|---|---|---|---|
| **2.1** | **Sraith Straitéisí Fiontar Réigiúnach atá dírithe ar ghníomh a cheapadh chun tacú le fiontar agus le fás fostaíochta ar fud réigiúin na hÉireann.** | Méadú ar fhostaíocht, méadú ar líon na ngnóthas nuathionscanta, rannpháirtíocht gnó/oideachais níos fearr agus laghdú ar eisimirce ar leibhéal réigiúnach. | Líon na ndaoine atá i mbun oibre de réir réigiúin.<br><br>Ráta dífhostaíochta sa réigiún.<br><br>Líon na ngnólachtaí nuathionscanta de réir réigiúin.<br><br>Líon na bhfiontar a bhfuil tacaíocht á fáil acu ó Fhiontraíocht Éireann, ó GFT Éireann agus ó Oifigí Fiontar Áitiúil i ngach réigiún. | Forbrófar straitéisí faoi lár na bliana 2015 agus beidh siad faoi réir athbhreithniú leanúnach |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **2.2** | **Feidhmíocht níos fearr agus cruthú post a bhrú chun cinn i measc fiontair dhúchasacha ar fud réigiúin na hÉireann trí thacú le straitéis Fhiontraíocht Éireann don tréimhse 2014 – 2016 agus leis na pleananna gnó de chuid na nOifigí Fiontar Áitiúil** | Feidhmíocht a bhíonn ag feabhsú i gcónaí i measc tionscal dúchasach maidir le dul i bhfód onnmhairiúchán, feidhmíocht nuálaíochta, feidhmíocht gnólachtaí nuathionscanta agus cruthú fostaíochta ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. | Líon agus cáilíocht na n-infheistíochtaí atá déanta ag Fiontraíocht Éireann agus ag na hOifigí Fiontar Áitiúil.<br><br>Líon na bpost atá cruthaithe, fás onnmhairiúcháin, feidhmíocht nuálaíochta, líon na ngnólachtaí nuathionscanta | Athbhreithniú ráithiúil le linn na mblianta 2015 agus 2016 |
| **2.3** | **Leanúint ar aghaidh le tionscadail Infheistíochta Dírí Eachtraí ar ardchaighdeán a mhealladh go hÉirinn trí thacaíocht a thabhairt don Straitéis Fís 2020 de chuid GFT Éireann.** | Feabhas ar rangú na hÉireann maidir le hinsreabhadh tionscadal infheistíochta dírí eachtraí ar bhonn domhanda, méadú ar an sreabhadh infheistíochta dírí eachtraí ó mhargaí atá ag teacht chun cinn agus méadú ar chuideachtaí atá páirteach i gcineálacha nua infheistíochta dírí eachtraí a mhealladh. | Is bainte amach ag GFT Éireann na spriocanna nua atá leagtha amach ina plean bliantúil gnó agus ina doiciméad Straitéise *Winning FDI: 2015-2019*<br><br>*An seasamh láidir atá aici á choinneáil ar bun ag Éirinn, agus rangú sa chéad 5 thír bainte amach aici i dtaca le tionscadail a buadh san Eoraip i roinnt earnálacha, lena n-áirítear cógaisíocht, biteicneolaíocht, leathsheoltóirí, agus seirbhísí bogearraí/TF.* | 2015 - 2020 |
| **2.4** | **An t-éiceachóras fiontraíochta a neartú trí na moltaí atá sa Ráiteas Beartais Náisiúnta ar Fhiontraíocht a sholáthar.** | Cultúr níos fearr gnólachtaí nuathionscanta in Éirinn, agus rátaí maireachtála agus fáis níos airde | Cuirfear Gníomhartha agus Tagarmharcanna Sonracha le chéile<br><br>Ráta na ngnólachtaí nuathionscanta; ráta maireachtála, ráta fáis | Déanfar monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach le linn thréimhse na Straitéise. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **2.5** | **Feabhas a chur ar an bhfáil atá ar mhaoiniúchán ar mhaithe le gnóthais Éireannacha a fhorbairt.** | Scéim Ráthaíochta Iasachta níos fearr<br><br>Fáil níos fearr ar an scéim micreamhaoiniúcháin<br><br>Fáil níos fearr ar roghanna maoiniúcháin neamhbhainc, agus úsáid níos fearr á baint astu. | Rith na reachtaíochta nua maidir le Ráthaíocht Iasachta agus glacadh iasachtaí ráthaithe<br><br>Líon na n-iasachtaí micreamhaoiniúcháin<br><br>Leibhéil ghlactha an mhaoiniúcháin neamhbhainc | Déanfar monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach le linn thréimhse na Straitéise. |
| **2.6** | **Córas iarratas ar líne a thabhairt isteach do Cheadanna Fostaíochta** | Méadú ar éifeachtúlacht an chórais; amanna próiseála níos tapa | Amanna próiseála faoi bhun 15 lá oibre go seasta; | 2015-2016 |
| **2.7** | **Leanfaimid ar aghaidh le tacaí fiontar a mheas chun a oiriúnaí, a éifeachtúla agus a éifeachtaí atá siad a shocrú agus chun an fhianaise staitistiúil a theastaíonn chun tacú leis an anailís sin a bhailiú.** | Tionchar na n-idirghabhálacha beartais a bharrfheabhsú | Sraith clármheastóireachtaí, mar aon le tacaí fiontar tugtha isteach agus athchóirithe. | 2015 - 2017 |
| **2.8** | **Beartas Fiontar a Fhorbairt go 2025** | Beartas fadtéarmach náisiúnta fiontar a fhorbairt, rud ina leagfar amach fís shoiléir, spriocanna agus méadracht agus ina ndéanfar na gnéithe beartais fiontar ar fud an Rialtais a thabhairt le chéile. | 2.1 milliún duine i mbun oibre faoin mbliain 2020. | Foilseofar an beartas sa bhliain 2015 agus déanfar monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach air le linn thréimhse na Straitéise. |



## 3. Taighde agus Nuálaíocht

### Sprioc

Is é an sprioc fhoriomlán atá ann tionchar an chórais náisiúnta nuálaíochta a bharrfheabhsú chun tairbhe cúrsaí geilleagracha agus sochaíocha trí fhás inbhuanaithe agus trí phoist ar ardchaighdeán.

Ar mhaithe leis an méid sin a bhaint amach, forbróimid córas dinicimiúil nuálaíochta, rud a chuirfidh feabhas seasta ar an tionchar a imríonn infheistíocht Stáit ar thaighde, agus aschur inbhraite á bhaint amach chun tairbhe gheilleagar agus shochaí na hÉireann ag an am céanna, a mhéadóidh líon na bhfiontar atá i mbun taighde agus a ghineann cion méadaitheach dá gcuid ioncaim ó tháirgí agus ó sheirbhísí nuálacha, agus a bhunóidh braislí i dteicneolaíochtaí ceannródaíocha sainaitheanta a aithneofar go hidirnáisiúnta. D'fhonn tacú le fiontair nuathionscanta agus scálaithe, cuirfimid feabhas eile ar ár gcuid taighde maidir leis an meascán infheistíochta airgeadais agus maidir leis an bhfáil atá ann ar infheistíocht airgeadais.

Ar mhaithe leis na haidhmeanna sin a chomhlíonadh, beidh RPFN ag obair go dlúth le Fondúireacht Eolaíochta Éireann, lenár gcuid gníomhaireachtaí forbartha, le gníomhaireachtaí eile a bhfuil sainchúram taighde orthu, le Ranna Rialtais a bhfuil buiséid taighde acu agus le príomhchomhlachtaí ionadaíocha don tionscal agus don ardoideachas.

### Baineann ríthábhacht le nuálaíocht

Le deich mbliana seo anuas, tá an leibhéal infheistíochta i dtaighde agus i bhforbairt méadaithe faoi thrí ag Éirinn ar mhaithe leis an mbonn a sholáthar d'fhorbairt agus d'iomaíochas fiontar amach anseo agus ar mhaithe le mórthairbhí sochaíocha agus beartais a chothú. Áirítear leis an infheistíocht sin: infheistíocht ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann i gcaipiteal daonna i réimsí ina bhfuil deis straitéiseach; infheistíocht i mbonneagar fisiciúil chun tacú le forbairt caipitil dhaonna, go háirithe san earnáil ardoideachais tríd an gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (CTITL) agus trí bhearta eile; agus tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann agus ó GFT Éireann do thaighde a thráchtálú agus don acmhainn a bhíonn ag fiontair dul i mbun taighde agus forbartha agus nuálaíochta. Tá infheistíocht eile atá sainiúil don earnáil déanta ag Ranna agus ag gníomhaireachtaí ábhartha.

Is i bhfeidhm in Éirinn cheana féin atá creat cuimsitheach reachtach maidir le cearta maoine intleachtúla a chosaint, rud a fhéachann le cothromaíocht chuí a choinneáil idir cosaint láidir

a thabhairt do shealbhóirí ceart (daoine a bhfuil na cearta riachtanacha acu chun obair / ábhar a cheadúnú le haghaidh úsáid ar leith) agus maoin intleachtúil a chur chun cinn agus a shaothrú ar mhaithe le haistriú eolais agus teicneolaíochta a éascú. I bhfianaise forbairtí ar leibhéal náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta ó thaobh Maoin Intleachtúil de, áfach, tá tuilleadh athchóirithe ag teastáil chun leibhéil riachtanacha freagrúlachta agus iomaíochais a choinneáil ar bun. Déanann rochtain ar shócmhainní intleachtúla freastal ar fhorbairt nuálaíochta sa gheilleagar. Chomh maith leis sin, cuireann sí le poist inbhuanaithe a choinneáil agus a chruthú.

Gabhann na príomhchuspóirí seo a leanas lenár straitéis nuálaíochta agus infheistíochta:

- Treo amach anseo an bheartais eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta a leagan síos ar bhonn Rialtas iomlán don tréimhse 2015-2020;
- Tionchar agus ábharthacht infheistíocht an Stáit i dtaighde agus i nuálaíocht a choinneáil ar bun trí éifeachtacht agus trí mheascán phunann iomlán ár n-ionstraimí beartais a áirithiú.
- A chinntiú go mbíonn fáil ann ar an gcaipiteal daonna a theastaíonn chun earnáil fiontar eolasbhunaithe nuálaíoch, atá faoi úinéireacht dhúchasach agus eachtrach araon, a bhrú chun cinn in Éirinn. Mar chuid de sin, is gá scileanna cuí a sholáthar san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic agus is gá go mbeidh scileanna sna réimsí sin ag an gcéad ghlúin eile caipitil dhaonna. Oibreoimid leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus leis an Údarás um Ard-Oideachas d'fhonn an cuspóir sin a bhaint amach.
- Cistiúchán nach dtagann ón státchiste a ghiaráil a mhéid is féidir, lena n-áirítear cistiúchán ón tionscal, ó chistí struchtúrtha AE, ó Fhís 2020, ó Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa agus ó eagraíochtaí taighde idirnáisiúnta eile, d'fhonn inbhuanaitheacht agus ábharthacht an taighde a uasmhéadú.
- Comhoibriú a bharrfheabhsú chun cur le sármhaitheas, leis an eolas atá againn agus leis an gcáil atá orainn – áirítear leis sin comhoibriú idirnáisiúnta, comhoibriú Thuaidh/Theas agus comhoibriú trasearnála (e.g. comhpháirtíochtaí idir Institiúidí Ard-Oideachais [IAO-IAO] agus comhpháirtíochtaí idir Institiúidí Ard-Oideachais agus an Tionscal [IAO-an tionscal]).
- A chinntiú gur againn atá an bonneagar, na gníomhaireachtaí agus na creatchoinníollacha a theastaíonn chun tacú leis an gcóras taighde agus nuálaíochta – lena n-áirítear ionaid inbhuanaithe taighde, tacaí fiontar agus socruithe éifeachtacha institiúideacha.
- An ghné uathúil dhíolacháin atá ag Éirinn – is é sin, an dóigh a leanann sí le hinfheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh – a chur in iúl agus a ghiaráil; na tosca

idirdhealaitheacha atá againn sa tír seo a fhorbairt; infheistíocht dhíreach eachtrach a leabú níos daingne sa gheilleagar agus naisc leis an earnáil dhúchasach a fhorbairt tuilleadh; codanna éagsúla d'Éirinn a mhargú go cuí.

- Earnálacha a bhfuil acmhainn acu a fhorbairt – is é a bheidh i gceist leis sin: scanadh ionchais; braislí a fhorbairt; an acmhainn atá ag réigiúin ar fud na hÉireann a bhaint amach; freagrúlacht do dheiseanna atá ag teacht chun cinn, go háirithe maidir le comhoibriú Thuaidh/Theas; agus an chuid is fearr a bhaint as deiseanna INTERREG.
- Aistriú eolais a éascú –idir an córas ardoideachais agus an fiontar– rud a mbeidh aistriú scileanna agus maoin intleachtúil (IP) i gceist leis.
- An bonneagar reachtach agus an beartas maoine intleachtúla a theastaíonn a fhorbairt chun cabhrú le bheith ar an áit is fearr chun gníomhaíochtaí, bainistíocht agus acmhainn maoine intleachtúla a fhorbairt ar leibhéal daingean. Oibreoimid chun an córas paitinní aonadacha agus an chúirt paitinní aontaithe a thabhairt isteach chun bealach eile a chur ar fáil inar féidir paitinní a mbeidh feidhm acu i suas le 25 Ballstát den AE a fháil agus a fhorfheidhmiú, paitinní a bheidh cost-éifeachtúil agus a chuíchóireofar chun bheith oiriúnach d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide go háirithe. Iarrfaimid cead ón Rialtas freisin le reachtaíocht ábhartha a tharraingt anuas chun éifeacht a thabhairt d'idirghabhálacha beartais d'fhonn cabhrú leis an gcóras cóipchirt in Éirinn a nuachóiriú. Ina theannta sin, oibreoimid le reachtas an AE agus le páirtithe leasmhara ábhartha chun caighdeáin an fhorfheidhmithe maoine intleachtúla a fheabhsú ar mhaithe le sócmhainní intleachtúla agus cearta maoine intleachtúla a chosaint.
- Tá méadú idirnáisiúnta ann i ngníomhaíochtaí a bhaineann le maoin intleachtúil, agus aistriú comhthreomhar ann sa tábhacht a bhaineann le hobair maoine intleachtúla. Déanfaidh RPFN scrúdú ar na cúiseanna taobh thiar den ísealghníomhaíocht maoine intleachtúla i measc gnólachtaí atá lonnaithe in Éirinn. Tá sé mar rún againn beartais agus tacaí a fhorbairt a d'fhéadfadh fás níos láidre atá faoi réir nuálaíochta a spreagadh trí ghníomhaíochtaí maoine intleachtúla a mhéadú i measc gnólachtaí in Éirinn.

| *Caibidil* | *Gníomh* | *Spriocthorthaí* | *Táscairí Feidhmíochta* | *Fráma ama (Bliain)* |
|---|---|---|---|---|
| **3.1** | **Forbróimid Straitéis Náisiúnta fhianaisebhunaithe nua um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht, rud ina dtabharfar aghaidh ar shaincheisteanna cosúil leo seo a leanas: an leibhéal infheistíochta poiblí agus príobháidí agus an dóigh a n-úsáidtear í; taighde, forbairt agus nuálaíocht a spreagadh i measc fiontar; aistriú eolais a fheabhsú; an córas maoine intleachtúla a bharrfheabhsú; comhoibriú náisiúnta agus idirnáisiúnta a uasmhéadú; agus caipiteal daonna a fhorbairt chun tacú le nuálaíocht.** | An treo straitéiseach leagtha síos don tréimhse 2015-2020. | An straitéis críochnaithe agus bunaithe ar rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara, agus raon príomhtháscairí feidhmíochta/gníomhartha réidh lena soláthar | 2015 |
| **3.2** | **Oibreoimid le Fiontraíocht Éireann agus le príomhpháirtithe leasmhara chun an córas taighde poiblí agus an tionscal a ghríosú d'fhonn ár rannpháirtíocht a mhéadú in FÍS 2020, arb é Creat-Chlár an AE um Thaighde agus Nuálaíocht.**<br><br>**Féachfaidh Fiontraíocht Éireann le huasmhéadú a dhéanamh ar na tairbhí don Fhiontar a thagann as ballraíocht na hÉireann de Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa (GSE).** | Príomhchuspóir is ea an sprioc tarraingthe anuas €1.25bn atá againn faoi FÍS 2020 a bhaint amach faoin mbliain 2020<br><br>An t-uastoradh ar infheistíocht i GSE bainte amach | A mhéid atá an sprioc tarraingthe anuas faoi FÍS 2020 bainte amach<br><br>Líon na gcuideachtaí<br>Luach na gconarthaí<br>Luach na n-onnmhairí | 2014-2020<br><br>2015 |
| **3.3** | **Soláthróimid roinnt tionscnamh chun gníomhaíochtaí a rinneadh le linn 2014 a chomhlánú (an Sárthaispeántas Náisiúnta Nuálaíochta agus Eolaire na nIonad Taighde) ar mhaithe lena chinntiú gur follasach agus sorochtana an raon tacaí atá ar fáil don tionscal.**<br><br>**Déanfaimid na moltaí ón Staidéar ar Ionaid Taighde atá Dírithe ar an Margadh a chur chun feidhme** | Rochtain níos éasca ag an tionscal ar thacaí nuálaíochta<br><br>Creat barrmhaith ionad taighde a fhreastalóidh go héifeachtach ar riachtanais taighde an tionscail | Méadú i líon na gcomhpháirtíochtaí/na gcuideachtaí atá i mbun taighde<br><br>An treoirthionscadal ar bun | Ar siúl |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **3.4** | **Cuirfimid athbhreithniú iomlán i gcrích ar na costais agus ar na tairbhí a bhaineann le ballraíocht na hÉireann d'eagraíochtaí taighde idirnáisiúnta (ETInna). Ina dhiaidh sin, tabharfaimid moltaí ar aghaidh maidir lenár rannpháirtíocht amach anseo le ETInna agus cuirfimid na cinntí a thagann as na moltaí sin chun feidhme** | Rannpháirtíocht bharrmhaith in ETInna chun bonn taca a chur faoin straitéis náisiúnta um eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht | Na glantairbhí do straitéis na hÉireann um thaighde agus nuálaíocht agus an tionchar ar infheistíocht agus ar phoist | An t-athbhreithniú a chríochnú sa bhliain 2015<br><br>Na cinntí a chur chun feidhme sa bhliain 2016 |
| **3.5** | **Déanfaimid measúnú ar ár riachtanais bhonneagair thaighde amach anseo chun tacú leis an straitéis náisiúnta um eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht** | Bonneagar barrmhaith chun bonn taca a chur faoin straitéis náisiúnta um eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht | Cinneadh déanta ar a bhfuil i ndán don chlár infheistíochta um bonneagar taighde | 2015 |
| **3.6** | **Cuirfimid Mol Náisiúnta Nuálaíochta Sláinte ar bun** | Tuilleadh tráchtálú nuálaíochta sa réimse sláinte | Conradh óstála bronnta don Mhol Náisiúnta Nuálaíochta Sláinte<br><br>Líon na gcuideachtaí a bhíonn ag obair leis an Mol Náisiúnta Nuálaíochta Sláinte | 2015 |
| **3.7** | **Déanfaimid athbhreithniú ar na 14 réimse tosaíochta taighde maidir lena ábhartha atá siad don fhiontar a fháil amach** | Infheistíocht stáit dírithe ar na réimsí atá is ábhartha agus a bhfuil an acmhainn is mó acu don tionscal | Na réimsí beoite | 2017 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 3.8 | **Oibreoimid chun an sainchúram atá ar Aistriú Eolais Éireann a leathnú ó thacú le haistriú eolais ó eagraíochtaí a dhéanann taighde don tionscal amháin d'fhonn go n-áireofar ann comhairle oiriúnaithe a sholáthar ar an mbonn leathan tacaí nuálaíochta atá ar fáil.**<br><br>**Déanfaimid breithniú ar na moltaí ó Aistriú Eolais Éireann maidir leis na hathruithe a theastaíonn ar an bPrótacal Maoine Intleachtúla agus gheobhaimid cead ón Rialtas ina leith** | Rochtain níos éasca ag an tionscal ar aschur agus ar thacaí nuálaíochta<br><br>Rochtain níos éasca agus níos éifeachtúla ar mhaoin intleachtúil | Méadú i líon na gcuideachtaí atá i mbun taighde<br><br>Prótacal Athbhreithnithe Maoine Intleachtúla comhaontaithe ag an Rialtas | Ar siúl<br><br>2015 |
| 3.9 | **Oibreoimid leis an bhfiontar agus le páirtithe leasmhara eile chun beartas maoine intleachtúla agus an bonneagar reachtach a ghabhann leis a fhorbairt chun a chinntiú go gcabhróidh an timpeallacht gnó le fás Nuálaíochta i gcomhthéacs an Chláir Oibre Dhigitigh don Eoraip. Go háirithe, oibreoimid chun an Córas Paitinní Aonadacha agus an Chúirt Paitinní Aontaithe a thabhairt isteach ar mhaithe le córas um chosaint paitinní atá cuíchóirithe agus cost-éifeachtúil a chur ar fáil don bhonn fiontar in Éirinn. Chomh maith leis sin, oibreoimid le comhpháirtithe ar leibhéal intíre agus AE d'fhonn athchóiriú a chur chun cinn sa chóras cóipchirt, athchóiriú a bheidh dírithe ar ghníomhaíochtaí trasteorann a ndéanann cóipcheart difear dóibh a fhuascailt.** | Córas um rialáil maoine intleachtúla atá nua-aimseartha agus freagrúil a bhaint amach, rud a chothaíonn agus a chúitíonn cruthaitheacht, a éascaíonn tuilleadh gníomhaíocht nuálach agus a chuireann feabhas ar an timpeallacht gnó ar mhaithe le freastal ar acmhainn maoine intleachtúla a mhéadú ar leibhéal daingean.<br><br>Ballraíocht na hÉireann den Chúirt Paitinní a dhaingniú. | Feabhas ar an reachtaíocht maidir le maoin intleachtúil agus ar bhearta beartais agus ar thacaí eile a bhaineann le maoin intleachtúil, go háirithe i gcás paitinní, cóipchirt agus trádmharcanna, agus feabhas ar fhorfheidhmiú na gceart maoine intleachtúla sin | 2015-2017 |




# 4. Margaí níos Fearr agus Fostaíocht ar Ardchaighdeán trí Rialáil níos Fearr

## Sprioc

Is é an sprioc fhoriomlán atá ann na margaí uile a dhéanamh níos éifeachtúla trí rialáil níos cliste a spreagann nuálaíocht, iomaíocht ghéar, ardchaighdeáin chomhlíonta, fostaíocht ar ardchaighdeán agus cosaint tomhaltóirí, gan costais rialála nach bhfuil gá leo.

Agus an Sprioc sin á baint amach againn, cruthóimid córas rialála a mbeidh cáil idirnáisiúnta air mar gheall ar a éifeachtúla agus a éifeachtaí atá sé.

## Gabhann buntáiste iomaíoch le timpeallacht rialála nua-aimseartha

Is cuid bhunúsach de thairiscint iomaíoch na hÉireann í timpeallacht rialála atá ag feidhmiú go maith, láidir agus comhréireach. Léiríonn staitisticí tagarmharcála idirnáisiúnta go leagann Éire ualach cuíosach íseal rialála ar ghnó agus go bhfuil timpeallacht rialála na hÉireann ar cheann de na timpeallachtaí is forásaí agus is tacúla don fhiontar. Oibreoidh RPFN chun a chinntiú nach dtiocfaidh aon athrú ar an scéala sin agus déanfaimid tathant ar son cur chuige Rialtais iomláin i leith Rialáil Chliste. Tá Rialáil Chliste ina gné chomhlántach riachtanach de mhórchlár oibre na hÉireann maidir le fostaíocht, le líon na post maith, le nuálaíocht agus le hiomaíochas a mhéadú. I bhfianaise na taithí is deireanaí a bhí againn, is é an bealach is fearr chun na tairbhí a bhaineann le saormhargadh a chothú ná rialáil chothromaithe chuí a chur i bhfeidhm.

Agus an timpeallacht rialála á feabhsú agus á nuachóiriú againn go leanúnach, tugtar deis d'Éirinn buntáiste iomaíoch a fhorbairt freisin, rud a dhéanfaidh fás fiontar a chothú agus a spreagadh ar bhonn inbhuanaithe. Chomh maith leis sin, leanfaidh RPFN de bheith ag díriú ar an gcreat rialála a fheabhsú d'fhonn a chinntiú go mbeidh feasacht níos fearr ann ar rialáil.

### Earnálacha Rialála

Tá freagracht ar RPFN as trí réimse mhóra a rialáil, is iad sin: Fostaíocht ar Ardchaighdeán; Rialáil Gnó; agus Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí. Leanfaidh RPFN ar aghaidh le beartas a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar mhaithe le rialáil chuí, chliste agus chomhréireach a dhéanamh ar na réimsí sin. Is iad sainchomhlachtaí a bhfuil saineolas acu ar a réimsí faoi seach a chomhlíonfaidh na feidhmeanna rialála sna hearnálacha ar leith.

Tá na comhlachtaí sin bunaithe mar Oifigí agus mar Ghníomhaireachtaí de chuid na Roinne agus áirítear leo iad seo a leanas: *an tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta, an Binse Achomhairc Fostaíochta, an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais, an Chúirt Oibreachais, an Binse Comhionannais*[4]*, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, Cláraitheoir na gCara-chumann* agus *Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann*.

Ina theannta sin, tá freagracht rialála ar *Oifig na bPaitinní* agus *an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann* as maoin intleachtúil agus as cúrsaí caighdeán faoi seach. Chomh maith leis sin, comhlíonann RPFN féin feidhmeanna rialála, lena n-áirítear *ceadúnais onnmhairiúcháin* agus *ceadanna fostaíochta* a eisiúint.

## Fostaíocht ar Ardchaighdeán

Gabhann na príomhchuspóirí seo a leanas lenár gclár oibre um Fhostaíocht ar Ardchaighdeán:

- Seirbhís den chéad scoth um réiteach díospóidí fostaíochta a chruthú, rud trína dtionólfar éisteachtaí laistigh de thrí mhí ó éileamh bailí a chur isteach agus trína laghdófar amanna próiseála arís eile. D'fhonn an méid sin a bhaint amach, cuirfimid leis an obair atá ar bun le trí bliana anuas chun athchóiriú na struchtúr um chaidreamh san áit oibre a chríochnú agus saincheisteanna um chaidreamh san áit oibre a réiteach go gasta agus go héifeachtach ar mhaithe le costais a laghdú d'úsáideoirí agus don Stát agus tionchar ar tháirgiúlacht na bhfiontar a íoslaghdú. Is é atá i gceist leis an obair sin córas dhá chiseal um chaidreamh san áit oibre a bhunú, rud a chuimseoidh comhlacht céadchéime (an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre) agus comhlacht achomhairc (Cúirt Oibreachais leathnaithe).
- Tríd an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, leanúint ar aghaidh le cosaint oibrithe a chur chun cinn trí na caighdeáin is airde sláinte agus sábháilteachta ceirde, trí chosc timpistí agus trí fhorfheidhmiú níos fearr na reachtaíochta sláinte agus sábháilteachta a chur chun cinn trí chigireachtaí rioscabhunaithe san áit oibre agus trí phionóis éifeachtacha a fhorchur i leith neamh-chomhlíonta.
- Tríd an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, tacú leis an tionscal, go háirithe fiontair bheaga agus micrifhiontair, trí chomhlíonadh éifeachtach éifeachtúil na reachtaíochta sláinte agus sábháilteachta ceirde a éascú. Cabhróimid le hiomaíochas trí bhearta um rioscaí a chosc, bearta a bheidh curtha in oiriúint do riachtanais an

[4] Mar chuid den phróiseas um athchóiriú caidrimh san áit oibre, déanfar na cúig chomhlacht seo a athstruchtúrú ina gcomhlacht aonair céadchéime, *an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre*, agus ina gcomhlacht aonair achomhairc, *an Chúirt Oibreachais*, le linn na bliana 2015, tar éis achtú an Bhille um Chaidreamh san Áit Oibre 2014, rud a bhfuiltear ag súil leis sa chéad leath de 2015.

tionscail agus do thacaíocht a thabhairt do ghnóthais bheaga, go háirithe in earnálacha ardriosca, trí thuilleadh uirlisí ar líne a chur ar fáil a bheidh ceaptha go sonrach do na hearnálacha Tógála agus Talmhaíochta.

- Tacú leis an tionscal, agus le coinneáil post agus le cruthú post, trínár gcuid oibre le páirtithe leasmhara ar an mbeartas ceimiceán. Déanfaimid iarracht tionchar a imirt ar fhorbairtí ar leibhéal Eorpach, agus sinn ag cur ábhair imní chomhshaoil agus fiontar araon san áireamh agus sinn airdeallach ar an ualach rialála lena mbaineann. Le rialacháin nua, a thiocfaidh i bhfeidhm sa bhliain 2015, tabharfar athruithe isteach ar an dóigh a rialófar mórghuaiseacha timpiste a bhaineann le substaintí contúirteacha, cuirfear feabhas ar an dóigh a scaipfear faisnéis ar an bpobal, lena n-áireofar faisnéis a chuirfidh oibreoirí in iúl do na húdaráis inniúla, agus cuirfear srian leis an tionchar a bheidh ag timpistí den sórt sin ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol.
- Éifeacht a thabhairt don ghealltanas atá i gClár an Rialtais maidir le hathchóiriú a dhéanamh ar an dlí reatha a bhaineann leis an gceart atá ag fostaithe dul i mbun cómhargántaíochta, ionas go gcuirfear creat athbhreithnithe reachtach i bhfeidhm lena chinntiú go mbeidh oibrithe i gcuideachtaí nach dtéann i mbun cómhargántaíochta in ann measúnú neamhspleách a fháil ar a gcuid téarmaí agus coinníollacha.
- Cur chun feidhme a dhéanamh ar ghealltanas atá i Ráiteas ar Thosaíochtaí an Rialtais 2014-2016 maidir le Coimisiún um Pá Íseal a bhunú ar bhonn reachtúil, agus é de dhualgas air moltaí bliantúla a chur in iúl don Aire i dtaca le haon choigeartú ar an bPá Íosta Náisiúnta agus cúrsaí gaolmhara.
- Reachtaíocht a achtú lena bhforálfar do chreat athbhreithnithe earnála um pá a shocrú d’fhonn aghaidh a thabhairt ar an mbreith ón gCúirt Uachtarach i gcás *McGowan* (arbh í an bhreith ón gCúirt Uachtarach lenar scriosadh amach a Bhunreachtúla atá próiseas reatha na gComhaontuithe Fostaíochta Cláraithe) ionas go bhféadfar téarmaí agus coinníollacha earnála nua a chur i bhfeidhm, de réir mar is cuí, agus go bhféadfaidh an Chúirt Oibreachais na comhaontuithe ar leibhéal fiontar a thiocfaidh as sin a chlárú.
- A chinntiú gur freagrúil, solúbtha, cothrom agus oiriúnach don fheidhm a bheidh na meicníochtaí um pá reachtúil a shocrú a chuirfear i bhfeidhm tar éis athchóirithe na gComhchoistí Oibreachais. Chun é sin a dhéanamh, déanfaimid monatóireacht ar chur chun feidhme na n-athchóirithe sin dá bhforáiltear leis an Acht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2012.
- Staidéar a chur i gcrích ar a leitheadúla atá conarthaí náid uaireanta i measc fostóirí Éireannacha agus an tionchar a imríonn na conarthaí sin ar fhostaithe d’fhonn cur ar chumas an Aire moltaí beartais atá fianaisebhunaithe agus a mheastar a bheith riachtanach de bhun an staidéir a chur in iúl don Rialtas.

- Páirt réamhghníomhach a ghlacadh i dtionscnaimh de chuid an AE a bhaineann le hathbhreithniú a dhéanamh ar dhlí fostaíochta an AE, an Treoir um Eagrú Ama Oibre go háirithe, chun a chinntiú go gcuirfear na hathruithe in eagrú oibre agus sa tsochaí agus riachtanais chlaochlaitheacha gheilleagar na hÉireann san áireamh i gcreat reachtach an AE.

## Rialáil Gnó

Tá an timpeallacht rialála ina cinntitheach ríthábhachtach maidir lena tharraingtí atá an mhórthimpeallacht gnó. Cuireann an timpeallacht rialála le hiomaíochas freisin. Cruthaíonn timpeallacht rialála atá freagrúil slándáil agus cobhsaíocht don ghnó, agus leas an phobail á chosaint aici ag an am céanna. Soláthraíonn sí bonn daingean i gcomhair fáis freisin.

Príomhghné d'ualaí rialála a laghdú is ea cumarsáid níos fearr chun feasacht a mhéadú ar rialáil. Tá sé tábhachtach é a dhéanamh níos éasca do ghnóthais bheaga agus do ghnólachtaí nuathionscanta na rialacháin a bhfuil feidhm acu ina leith a shainaithint. Tá an tairseach Gréasáin *www.businessregulation.ie* seolta ag RPFN, áit a dtugtar cuid mhór gnéithe den fhaisnéis rialála agus comhlíonta a bhaineann leis an ngnó le chéile, mar aon le naisc le tacaí do ghnóthais bheaga agus do ghnólachtaí nuathionscanta. Déanfar athbhreithniú ar fheidhmiúlacht na tairsí, agus béim á cur ar fheabhas a chur ar rochtain agus ar fhaisnéis do ghnóthais bheaga agus do mhicreaghnóthais. Is é an Grúpa Ardleibhéil um Rialáil Gnó, atá faoi chathaoirleach ag an Aire Nash, a sholáthraíonn an mheicníocht i gcomhair idirghníomhaíocht leanúnach idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach.

Tionscnamh eile arb é is aidhm dó feabhas a chur ar chumarsáid is ea na himeachtaí "Taking Care of Business", áit a mbíonn deis ag gnóthais bheaga agus ag fiontraithe teacht le chéile le suas le 25 comhlacht rialála. Tugann an cineál sin cumarsáide neamhfhoirmiúla dhá threo leis an ngnó bealach le laghdú a dhéanamh ar an ualach a bhraitear a bheith ag baint le rialáil, trí chomhairle agus trí thacaíocht a chur ar fáil agus trí shraith gníomhartha atá in ord tosaíochta a leagan ar ghnóthais bheaga agus nuathionscanta chun gur féidir leo comhlíonadh rialála a bhaint amach a éifeachtúla agus a éifeachtaí is féidir. Tá an tionscnamh sin á gcur i bhfeidhm ar bhonn réigiúnach agus leanfar ar aghaidh leis sa bhliain 2015.

Is ionann córas rialála (lena n-áirítear comhlíonadh agus forfheidhmiú) atá éifeachtúil agus ag feidhmiú go maith agus bonneagar ríthábhachtach maidir le muinín fiontraithe agus infheisteoirí (infheisteoirí isteach ina measc) a spreagadh. Chomh maith leis sin, cruthaíonn sé geilleagar ísealriosca chun gnó a dhéanamh ann. Cruthófar cód nua-aimseartha reachtach den scoth do chuideachtaí le tabhairt isteach Acht na gCuideachtaí 2014. Cuirfidh

riar agus forfheidhmiú an chóid sin ag comhlachtaí rialála dhlí na gcuideachtaí (an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann) le háit níos tarraingtí, níos éifeachtúla agus níos daingne chun gnó a dhéanamh ann a dhéanamh d'Éirinn.

Le linn idirthréimhse an Achta nua, oibreoidh an Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus RPFN le chéile chun an próiseas cur chun feidhme a dhéanamh chomh héasca agus is féidir don ghnó. Tá an Oifig um Chlárú Cuideachtaí ag obair go dlúth le príomhpháirtithe leasmhara freisin chun a chinntiú go mbeidh an fhaisnéis is úsáidí agus is spriocdhírithe ar fáil don ghnó roimh an idirthréimhse agus lena linn.

Mar thoradh ar mhéadú i líon na ngnólachtaí a bheidh incháilithe do dhíolúine iniúchta, seans go dtiocfaidh laghduithe costais d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide as an Acht freisin. Comhlánófar an beart sin tuilleadh nuair a thrasuífear i dlí na hÉireann roinnt beart atá i dTreoracha ón AE agus lena simpleofar ceanglais rialachais do chuideachtaí – mar shampla, an Treoir ón AE maidir le Cuntasaíocht, rud lena laghdófar costais d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide trí dheireadh a chur le hualaí neamhriachtanacha cuntasaíochta.

Agus sinn ag cur le hachtú Acht na gCara-Chumann agus na gCumann Tionscail agus Soláthair (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014, cuirfimid tús le próiseas comhairliúcháin maidir le hathbhreithniú níos bunúsaí ar an reachtaíocht atá ann sa réimse sin, agus é mar aidhm againn creat rialála atá cuí agus nua-aimseartha a chur i bhfeidhm don iliomad eagraíochtaí rathúla a bhaineann leas as na struchtúir sin. Chomh maith leis sin, féachfaimid lena chinntiú go dtabharfar faoi mhaoirseacht an Bhainc Cheannais/an Rialálaí Airgeadais aon Chara-Chumainn agus aon Chumainn Tionscail agus Soláthair atá ag plé le seirbhísí airgeadais.

## Iomaíocht agus Tomhaltóirí

Agus í ina príomhspreagthóir ó thaobh iomaíochais, táirgiúlachta agus nuálaíochta de, tá iomaíocht ar thús cadhnaíochta na straitéise geilleagraí. Is é bunchuspóir an bheartais iomaíochta cabhrú le timpeallacht rialála a fheidhmíonn mar is ceart a chruthú, áit ar féidir le gnóthais oibriú ar mhachaire réidh agus ar féidir le tomhaltóirí airgead a chaitheamh go muiníneach. Is féidir le hiomaíocht comhthairbhí a bhaint amach don gheilleagar, agus í ag cinntiú go n-éireoidh gnóthais níos iomaíche, níos freagrúla agus níos nuálaí agus go mbainfidh tomhaltóirí tairbhe as tuilleadh roghanna agus as luach níos fearr ag an am céanna.

Beidh gá le béim ar leith a chur ar shaincheisteanna iomaíochta i gcásanna ina ndéanann siad difear do chostais ionchuir de chuid gnóthas, lena n-áirítear na hearnálacha rialáilte. Tá muinín agus cumasú tomhaltóirí ina ngné riachtanach de ghníomhaíocht gnó a mhéadú agus, ar deireadh, de théarnamh geilleagrach a bhaint amach. Sa chomhthéacs sin, leanfaimid de bheith ag díriú go mór ar shábháilteacht táirgí agus ar dheireadh a chur le cleachtais éagóracha agus le coinníollacha éagóracha conartha. Beidh tuilleadh cumhachtaí ag an gCoimisiún nua um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí maidir le déileáil le saincheisteanna iomaíochta agus tomhaltóirí a théann i bhfeidhm ar an ngnó agus ar thomhaltóirí araon. Sa chomhthéacs sin, beidh sé tábhachtach tathant níos láidre a dhéanamh ar son tomhaltóirí.

Cuireadh an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta ar bun sa bhliain 2003 chun tairbhe do thomhaltóirí agus don ghnó araon, agus é mar aidhm leis éilimh dhíobhálacha pearsanta a réiteach níos tapa agus costais dlíthíochta a laghdú. Agus é ar bun le deich mbliana anuas, tá próiseas comhairliúcháin ar siúl faoi láthair maidir le feidhmiú na nAchtanna um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta. Tabharfaidh RPFN reachtaíocht ar aghaidh a bheidh dírithe ar fheidhmiú an Achta a fheabhsú tuilleadh agus ar an sprioc atá leis torthaí níos tapa, níos fearr agus níos cost-éifeachtúla a bhaint amach do thomhaltóirí agus don ghnó a chomhlíonadh.

| *Caibidil* | *Gníomh* | *Spriocthorthaí* | *Táscairí Feidhmíochta* | *Fráma ama (Bliain)* |
|---|---|---|---|---|
| 4.1 | **Córas dhá chiseal um chaidreamh san áit oibre a bhunú, rud a chuimseoidh comhlacht céadchéime (an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre) agus comhlacht achomhairc (an Chúirt Oibreachais)** | Réiteach éifeachtach tapa ar fhadhbanna san áit oibre | Éisteachtaí ar siúl laistigh de 3 mhí ó éileamh bailí a chur isteach | 2015 |
| 4.2 | **An córas seanaimseartha Substaintí Contúirteacha a athchóiriú.** | Creat athbhreithnithe reachtach i bhfeidhm, rud lena soláthrófar córas atá cuíchóirithe, ar ísealchostas agus a thacaíonn leis an bhfiontar maidir le saoráidí stórála agus dáilte peitriliam a cheadúnú. | Cigireachtaí curtha i gcrích agus tuairisciú déanta ar thorthaí.<br><br>Leibhéil chomhlíonta | 2015-2017 |
| 4.3 | **An dlí um chómhargántaíocht a athchóiriú** | Creat athbhreithnithe reachtach | An dóigh a n-úsáidtear an reachtaíocht agus a shásta atá páirtithe leasmhara leis an gcreat | 2015 |
| 4.4 | **An dlí a athchóiriú chun samhail nua Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe a chur ar bhonn fónta.** | Creat athbhreithnithe reachtach i bhfeidhm | Téarmaí agus coinníollacha earnála nua arna leagan síos le hOrdú ón Aire i bhfeidhm agus comhaontuithe fiontar cláraithe curtha faoi bhráid na Cúirte Oibreachais | 2015 |
| 4.5 | **An Coimisiún um Pá Íseal a bhunú** | An Coimisiún um Pá Íseal ar bhonn reachtúil | Moladh bliantúil déanta ag an gCoimisiún um Pá Íseal don Aire maidir leis an bPá Íosta Náisiúnta | 2015 |
| 4.6 | **Monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme athchóirithe na gComhchoistí Oibreachais de réir an Achta Caidrimh Thionscail (Leasú) 2014** | Is freagrúil, cothrom agus oiriúnach don fheidhm atá na meicníochtaí reachtúla um pá a shocrú | Moltaí maidir le horduithe um rialáil fostaíochta tagtha as na meicníochtaí nua | 2015-2017 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **4.7** | **An staidéar ar Chonarthaí Gan Uaireanta a chríochnú** | Tabharfar leis an staidéar críochnaithe eolas don Aire maidir le haon mholtaí beartais a dhéanfaidh sé don Rialtas | Beartas fianaisebhunaithe ar Chonarthaí Gan Uaireanta | 2015 |
| **4.8** | **Acht na gCuideachtaí a chur chun feidhme** | An lucht gnó agus úsáideoirí dhlí na gcuideachtaí ar an eolas faoin dlí nua agus faoi na ceanglais tiontaithe. Formhór fhorálacha an Achta tosaithe le héifeacht ón 01/06/2015. | Feachtas faisnéise ilmheán curtha i bhfeidhm ag an Oifig um Chlárú Cuideachtaí sa bhliain 2015<br>An próiseas tiontaithe críochnaithe go rathúil faoi dheireadh na bliana 2016.<br>Forálacha ginearálta an Achta tosaithe le héifeacht ón 01/06/2015 | 2015/2016<br>2015 |
| **4.9** | **Tuilleadh imeachtaí "Taking Care of Business" a reáchtáil** | Eolas níos fearr ag gnólachtaí ar an timpeallacht rialála a théann i bhfeidhm orthu. | Imeachtaí eagraithe agus curtha chun cinn go rathúil | 2015 |
| **4.10** | **An tairseach businessregulation.ie a fhorbairt agus a chur chun cinn tuilleadh** | Eolas níos fearr ag gnóthais bheaga agus ag micreaghnóthais ar an timpeallacht rialála a théann i bhfeidhm orthu. | Méadú leanúnach ar úsáid na tairsí; aiseolas dearfach ón ngnó maidir lena úsáidí atá an tairseach | 2015/2016 |
| **4.11** | **An Treoir ón AE maidir le Cuntasaíocht agus an Treoir agus na Rialacháin ón AE maidir le hIniúchadh (reachtaíocht phríomha agus thánaisteach) a thrasuí** | Córas cuntasaíochta níos fearr d'oibreoirí eacnamaíocha, córas níos éasca do chuideachtaí beaga agus córas sainiúil lena bhfreastalaítear ar riachtanais chuntasaíochta de chuid micrea-aonán. Iniúchtaí ar ardchaighdeán agus muinín níos mó as cuntais chuideachtaí | Córas nua faoin Treoir maidir le Cuntasaíocht i bhfeidhm faoi mhí Iúil 2015.<br>An Treoir agus na Rialacháin maidir le hIniúchadh i bhfeidhm faoi mhí an Mheithimh 2016 | 2015/2016 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **4.12** | **Cód Dlí na dTomhaltóirí agus na hIomaíochta a Thabhairt Cothrom le Dáta** | Cód nua-aimseartha dlí na dtomhaltóirí agus na hiomaíochta lena dtabharfar cosaint do thomhaltóirí agus lena bhféachfar le hiomaíocht chothrom shaor a áirithiú | Bille um Chearta Tomhaltóirí foilsithe agus achtaithe<br><br>Bille um Shainmharcáil (Leasú) foilsithe agus achtaithe<br><br>Rialacháin tugtha isteach lena rialálfar cleachtais áirithe san earnáil ghrósaeireachta | 2015/2016<br><br>2015<br><br>2015 |
| **4.13** | **Cead ón Rialtas a athbhreithniú agus a áirithiú maidir le reachtaíocht nua a dhréachtú d'earnáil na gcomharchumann** | Comhaontú ar chineál agus ar mhúnla na reachtaíochta amach anseo d'earnáil na gcomharchumann. Cinn Bhille ceadaithe le haghaidh creat rialála cuí agus nua-aimseartha don earnáil | Dréacht-Scéim Bille forbartha lena breithniú ag an Aire<br><br>Cead faighte ón Rialtas maidir le Bille Comharchumann nua a dhréachtú | 2016<br><br>2017 |
| **4.14** | **Comhaontú ón Rialtas a áirithiú maidir le Bille a dhréachtú lena leasófar na hAchtanna um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003-2007, an Bille sin a fhoilsiú agus é a rith trí Thithe an Oireachtais** | Bille achtaithe lena leasófar na hAchtanna um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta. | Comhaontú faighte ón Rialtas maidir le Bille nua um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta a dhréachtú. An tAcht nua achtaithe | 2015/2016 |
| **4.15** | **Athruithe ar an gcóras cheadúnúcháin onnmhairiúcháin a thabhairt isteach de réir caighdeáin athbhreithnithe idirnáisiúnta.** | Orduithe tugtha isteach lena dtabharfar éifeacht do chatagóirí sonraithe faoi Chomhaontuithe AE maidir le Rialú Onnmhairí | Córas ceadúnúcháin atá éifeachtúil agus cothrom le dáta a choinneáil ar bun, rud a léiríonn go cruinn na Comhaontuithe Idirnáisiúnta maidir le Córais Rialú Onnmhairí arna nglacadh ag an AE<br><br>Córas idirnáisiúnta smachtbhannaí arna nglacadh ag an AE a chur chun feidhme | 2015-2017 |



# 5. An Straitéis a Bhaint Amach agus Athrú a Bhainistiú

## Sprioc

Is é an sprioc atá againn an chuid is fearr a bhaint as an aschur ó acmhainní daonna, acmhainní airgeadais, acmhainní teicneolaíochta agus acmhainní eile de chuid na Roinne trí eagraíocht atá nuálach agus solúbtha agus a bhíonn ag foghlaim i gcónaí a chothú, agus sinn ag díriú ar ár bhfoireann, ár mbuiséid agus ár gcórais – agus struchtúir fhónta rialachais ag gabháil leo – a úsáid ar bhealach straitéiseach ionas go mbeimid in ann spriocanna gnó na Roinne a chomhlíonadh.

Agus tacaíocht á fáil acu ó aonaid ghnó na Seirbhísí Corparáideacha laistigh den Roinn, tá iarrachtaí ár mball foirne go léir mar bhonn taca faoi shaothrú agus faoi chomhlíonadh ár Spriocanna mar atá leagtha amach i gcaibidlí roimhe sa Straitéis seo. Aithnímid an ról lárnach ríthábhachtach a imríonn an fhoireann maidir leis an méid sin a bhaint amach, lena n-áirítear i gcomhthéacs an chláir oibre leanúnaigh um athchóiriú na seirbhíse poiblí, mar atá curtha in iúl i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse agus i gComhaontú Bhóthar Haddington, i measc nithe eile, agus trí roinnt tionscnaimh inmheánacha faoi scáth an tionscnaimh Bealaí Nua le hObair dár gcuid.

Soláthróidh RPFN clár suntasach um athrú thar thréimhse na Straitéise seo. Bogfaimid i dtreo rannpháirtíocht iomlán i seirbhísí comhroinnte, amhail PeoplePoint (le haghaidh trasghníomhaíocht acmhainní daonna) sa bhliain 2015; bogfaimid i dtreo rannpháirtíocht iomlán i seirbhísí comhroinnte párolla agus taistil agus cothaithe sa bhliain 2016; agus, ina dhiaidh sin, bogfaimid i dtreo rannpháirtíocht iomlán i Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais. Athlonnóimid cion suntasach dár bhfoireann (córais san áireamh) le linn na tréimhse – mar chuid den obair sin, athlonnófar an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí agus ár bhfoireann atá lonnaithe i dTeach Mhic Dháibhéid san am i láthair. Athlonnófar freisin na córais TFC lena dtacaítear leis na feidhmeanna sin a sholáthar agus lena gcuirtear ar ár gcumas na feidhmeanna sin a soláthar. Ag teacht sna sála ar an athbhreithniú a críochnaíodh le déanaí ar phróiseas gnó na feidhme Ceadanna Fostaíochta, oibreoimid chun forbairt a dhéanamh ar na sonraíochtaí teicniúla taobh thiar de sheirbhís den sórt sin a sholáthar ar líne, faoi réir cás gnó bailí a bheith ann, agus é mar aidhm seirbhís ar líne a chur ar fáil.

Cuirfidh gach ceann de na gnéithe sin le hardchaighdeáin soláthar seirbhísí a bhíonn ag feabhsú i gcónaí a bheith á gcur ar fáil ag RPFN.

Ina theannta sin, agus ar aon dul lenár gcuid oibre ar Phleanáil Lucht Saothair, earcóimid tuilleadh céimithe, agus daoine á n-earcú againn le haghaidh sainphoist spriocdhírithe.

## An cumas atá againn torthaí a bhaint amach – is í ár bhfoireann an phríomhláidreacht atá againn

Ar deireadh, ní féidir ár Straitéis a bhaint amach ach amháin trí thacaíocht, trí thiomantas agus trí chrua-obair ár bhfoirne. Tá sé mar uaillmhian againn, mar sin, a bheith inár gCeannaire sa Státseirbhís maidir le spriocanna feidhmíochta a leagan síos agus a sholáthar, beag beann ar an laghdú suntasach atá tagtha ar an líon foirne le blianta beaga anuas. Saothrófar an méid sin thar thréimhse na straitéise, bunaithe ar ár rannpháirtíocht ghníomhach i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse agus sa tionscnamh inmheánach "Bealaí Nua le hObair" a thugamar isteach ag deireadh na bliana 2014.

Is gá an dóigh a ndéantar athrú agus nuálaíocht a fhorbairt, a chur chun cinn agus a bhainistiú in RPFN a leabú sa dóigh a gcomhlíonaimid an sainordú a leagann an Rialtas orainn. D'fhonn tionscnaimh athchóirithe an Rialtais Láir a chomhlánú ina leith sin, beidh scileanna riachtanacha ceannaireachta ag teastáil ar gach leibhéal, agus tacaíocht á fáil acu ó bheartais chuí agus ó straitéisí cuí um Bainistíocht Acmhainní Daonna agus um Fhoghlaim agus Forbairt. Tá meanma agus inspreagadh na foirne ríthábhachtach maidir leis an bhfoireann a ghríosú an straitéis a sholáthar. Le linn shaolré na Straitéise seo, féachfaimid lena chinntiú go mbeidh cumas ag RPFN ár misean straitéiseach, ár spriocanna straitéiseacha agus ár gcuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh agus go mbeidh cumas againn tionchar a imirt ar ár gcomhpháirtithe straitéiseacha ar fud an Rialtais agus ar bhonn idirnáisiúnta. Mar sin, leanfar ar aghaidh lenár straitéis um Acmhainní Daonna agus um Forbairt agus Foghlaim a bheachtú agus a oiriúnú mar bhealach dinimiciúil lárnach le hacmhainn a thógáil d'fhonn cur ar ár gcumas dea-thorthaí a bhaint amach dár bpáirtithe leasmhara. Déanfar infheistíochtaí straitéiseacha in acmhainn a thógáil ag gach céim chun leas an bhaill foirne aonair agus, ar deireadh, chun leas ár bpáirtithe leasmhara. Is tríd an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) go háirithe a shainaithneofar na gníomhartha aonair a dhéanfar. Sainaithneofar iad mar fhreagairt do riachtanais shainaitheanta na nAonad Gnó freisin.

Tugadh Pleanáil Lucht Saothair isteach le blianta beaga anuas mar uirlis bhreise bhainistíochta a chabhraíonn le Ranna a gcuid riachtanais foirne a phleanáil thar roinnt blianta, agus béim ar leith á cur ar bhrúnna anuas agus aníos araon a shainaithint (bunaithe ar acmhainní a mhéadú chun gníomhaíochtaí breise a chothú nó bunaithe ar an ngá atá le hacmhainní a laghdú de bharr scor de ghníomhaíocht ar leith). I gcásanna ina dtagann pointí brú aníos chun cinn, mar sin, titfidh sé orainn a chinntiú go mbíonn acmhainn againn iad a shainaithint go luath agus réitigh chruthaitheacha nuálacha a bheartú chun dul i ngleic

leo i dtimpeallacht ina bhfuil srian ar acmhainní. Beidh sé fós dúshlánach teacht ar acmhainní breise foirne. Mar thoradh air sin, beidh tábhacht ag baint le bealaí níos cliste a aithint chun dul i ngleic le brúnna aníos den sórt sin. Ní gá a rá, mar sin, go mbeidh tábhacht ag baint le hacmhainní a chur in ord tosaíochta go seasta freisin. Mar sin féin, samhlaítear go mbeidh roinnt earcaíocht straitéiseach ann le linn shaolré na straitéise seo freisin, go háirithe i réimsí ina mbíonn eochairscileanna straitéiseacha agus eochairscileanna anailíse beartais ag teastáil le cur ar chumas na Roinne tograí beartais a fhorbairt agus a bheachtú mar thaca leis an misean atá againn. Ar aon dul leis sin, titfidh sé orainn go fóill ár gcuid struchtúr a choinneáil faoi athbhreithniú chun a chinntiú go mbíonn ár meascán inmheánach agus ár meascán idirghníomhaireachta oiriúnach don fheidhm ar bhonn leanúnach.

Beidh an méid sin ar fad faoi réir chur chun feidhme an Chláir Chomhtháite um Athchóiriú a Sholáthar (CCAS) – rud ar gné lárnach é den chlár oibre um athchóiriú institiúideach a chur chun cinn ar fud an Rialtais.

Déanfaimid an méid seo a leanas thar thréimhse na Straitéise seo:

- Páirt ghníomhach a ghlacadh i bpróiseas Phlean Athnuachana na Státseirbhíse agus an Chláir Chomhtháite um Athchóiriú a Sholáthar.
- Leanúint le himscaradh foirne a chur in ord tosaíochta ar aon dul le riachtanais Phleanáil Lucht Saothair.
- Roinnt tionscnamh a chur i bhfeidhm faoin gclár Bealaí Nua le hObair.
- Líon na gcéimithe agus na speisialtóirí a earcaímid a mhéadú.
- Infheistiú i bhforbairt leanúnach scileanna agus inniúlachta dár bhfoireann.
- Forbairt agus feidhmíocht foirne a bhainistiú go réamhghníomhach faoin gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF).

## Seirbhís níos Fearr do Chustaiméirí

Tá RPFN ag obair chun a chinntiú, i gcomhréir le beartas an Rialtais, gur cheart an teagmháil a dhéanann saoránaigh leis an Stát a bheith simplí agus gan bhriseadh agus gur cheart feabhas a chur de shíor ar eispéireas an chustaiméara. Rinne RPFN Cairt do Chustaiméirí, Plean Gníomhaíochta agus Nósanna Imeachta Gearáin atá nuashonraithe a fhoilsiú sa bhliain 2014. Leagtar caighdeáin dhúshlánacha síos sna cáipéisí sin, lena gcuimsítear an tréimhse go 2016, agus déanfaidh RPFN monatóireacht ghníomhach ar chur chun feidhme na ngealltanas a tugadh.

Foráiltear leis an bPlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí ón Roinn do chomhairliúchán agus do chaidreamh lenár gcuid custaiméirí maidir leis an gcaighdeán seirbhíse a chuirimid ar fáil. Cuirfidh an t-aiseolas ó idirghníomhaíocht den sórt sin ar ár gcumas ár gcuid acmhainní a úsáid ar an mbealach is fearr is féidir. Cruthóidh an t-aiseolas eagraíocht atá níos freagrúla, níos oiriúnaithí agus níos dírithe ar an gcustaiméir freisin.

Mar aon le seirbhís den scoth a sholáthar dár gcustaiméirí seachtracha, creidimid gur cheart ár seirbhís inmheánach a chur ar fáil de réir an chaighdeáin chéanna. Tá ár bhfoireann ar an ngné is tábhachtaí maidir le seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a sholáthar. Tá sé ríthábhachtach, mar sin, go dtugtar tacaíocht chuí don fhoireann agus go gcoinnítear í ar an eolas faoi fhorbairtí, nuair is cuí, trí bhealaí ábhartha cumarsáide a úsáid.

Déanfaimid an méid seo a leanas thar thréimhse na Straitéise seo:

- Leanúint le monatóireacht agus le hathbhreithniú a dhéanamh ar thuairimí agus ar ghearáin a chuirtear in iúl ar mhaithe le soláthar seirbhísí a fheabhsú do chustaiméirí seachtracha agus do chustaiméirí inmheánacha araon.
- Oiliúint chuí i seirbhís do chustaiméirí a chur ar an bpríomhfhoireann tosaigh sa Roinn.
- Leanúint de bheith ag obair le páirtithe leasmhara d'fhonn scrúdú a dhéanamh ar an dóigh ar féidir linn feabhas a chur, nuair is cuí, ar an gcaighdeán seirbhíse a chuirtear ar fáil do chustaiméirí.

## Cumarsáid Éifeachtach

Má táthar chun beartas, cláir agus gníomhaíochtaí na Roinne agus a cuid oifigí agus gníomhaireachtaí a sholáthar go rathúil, baineann ríthábhacht le cumarsáid éifeachtach. Tá athrú suntasach tagtha ar RPFN le blianta beaga anuas, agus í faoi réir comhtháthú, athstruchtúrú agus mórathruithe foirne. Táthar tar éis aird a tharraingt ar roinnt gnéithe den dóigh a n-oibrímid in RPFN lena mbreithniú agus lena bhfeabhsú. Ceann de na gnéithe sin is ea cumarsáid.

Le linn shaolré na Straitéise seo, cuirfidh RPFN béim shuntasach ar chumarsáid inmheánach a fheabhsú laistigh den Roinn féin agus lenár bpáirtithe leasmhara seachtracha freisin.

Beidh pleanáil cumarsáide ag croílár den dóigh a n-oibreoimid in RPFN. Cinnteoimid go mbeidh pleanáil cumarsáide ina cuid dhílis den phróiseas pleanála gnó agus ina cuid ríthábhachtach den dóigh a dtabharfaimid faoinár gcuid oibre in RPFN. Déanfaimid cumarsáid chuí a bhreithniú, a phleanáil agus a chur i bhfeidhm agus bainfimid leas as na modhanna cearta cumarsáide chun dul i dteagmháil lenár bpáirtithe leasmhara i leith na hoibre ar fad a dhéanfaimid.

Déanfaimid an méid seo a leanas:

- Leas a bhaint as an raon modhanna cumarsáide atá ar fáil dúinn. Roghnóimid na modhanna is oiriúnaí díobh chun a chinntiú go ndéanfaimid teagmháil chuimsitheach lenár bpáirtithe leasmhara.
- A chinntiú gur ar ardchaighdeán, soiléir agus simplí a bhíonn an chumarsáid ar fad.
- A chinntiú go mbíonn rochtain ag ár bpáirtithe leasmhara ar fhaisnéis faoin raon leathan gníomhaíochtaí agus clár a reáchtálann RPFN agus a cuid oifigí agus gníomhaireachtaí.
- Infheistiú inár gcumarsáid ar líne agus a chinntiú go soláthraítear ar ár suíomhanna Gréasáin faisnéis atá soiléir, úsáideach agus tráthúil agus atá dírithe ar riachtanais ár bpáirtithe leasmhara.
- A chinntiú go mbímid follasach freagrúil agus sinn ag obair lenár bpáirtithe leasmhara.
- Dul i mbun cláir chun cur leis na gníomhaíochtaí agus leis na modhanna inmheánacha cumarsáide atá ar bun sa Roinn cheana féin, agus é mar aidhm leis a chinntiú go mbíonn cultúr cumarsáide oscailte dhá threo agus comhroinnt faisnéise agus eolais níos fearr i bhfeidhm againn.

## Rialachas Corparáideach

**Rialachas Corparáideach Láidir**

Féachann RPFN lena chinntiú go mbíonn struchtúr rialachais chorparáidigh atá láidir agus éifeachtach i bhfeidhm aici, struchtúr atá in ann tacú le RPFN agus lena cuid Gníomhaireachtaí agus Oifigí, ionas go gcomhlíonfar i ngach mír tuairiscithe a bhaineann le saincheisteanna rialachais na hoibleagáidí reachtúla agus na ceanglais arna leagan síos ó am go chéile ag an Roinn Airgeadais agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí. Maidir leis sin, leanfaimid ar aghaidh le measúnú agus le feabhas a dhéanamh ar a éifeachtaí a bhíonn an t-idirchaidreamh le gníomhaireachtaí faoi choimirce RPFN agus ar phróisis bhainistíochta riosca, rialaithe agus rialachais. Bainfear leas as modheolaíochtaí dea-chleachtais reatha a chomhlíonann riachtanais na hEarnála Poiblí d'fhonn an chuid is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil agus an straitéis seo á soláthar.

Cinnteoidh RPFN go gcoinneofar na caighdeáin mhaoirseachta is airde ar bun ar ár gcuid Gníomhaireachtaí agus Oifigí, lena n-áirítear trí Chomhaontuithe Seirbhíse agus trí Mheabhráin Tuisceana a úsáid agus a fheabhsú go leanúnach agus trí idirghníomhaíocht rialta idir Bord Bainistíochta na Roinne agus Cinn Oifigí agus Ghníomhaireachtaí. Ina theannta sin, tá rún daingean ag RPFN go leanfaidh sí agus lena cuid gníomhaireachtaí ar aghaidh lena gcuid oibleagáidí faoin gCód Rialachais do Chomhlachtaí Stáit agus lena gcuid oibleagáidí cánach a chomhlíonadh, go háirithe maidir leis an oibleagáid atá ar ghníomhaireachtaí tuairisc bhliantúil ar chomhlíonadh cánach a thabhairt do RPFN.

A bhuí le foilsiú na dTreoirlínte um Cheapacháin chun Boird Stáit, méadófar rochtain ar an réimse daoine – agus leathnófar an réimse daoine – ar féidir ceapacháin chun Boird Stáit a dhéanamh uathu. Chomh maith leis sin, beidh ardchéim follasachta ann agus iarrthóirí á roghnú lena gceapadh.

**Riosca**

Tá córas dea-fhorbartha um riosca a shainaithint agus a bhainistiú ag RPFN, rud atá leabaithe inár bpróiseas pleanála gnó. Is é an Coiste Riosca a dhéanann maoirseacht ar an bpróiseas sin. Chomh maith leis sin, déanann Bord Bainistíochta athbhreithniú rialta ar an gClár Riosca Ardleibhéil. Ina theannta sin, leanfaidh RPFN de bheith ag dul i mbun phróiseas an *Mheasúnaithe Riosca Náisiúnta* faoi stiúir Roinn an Taoisigh agus déanfaidh sí monatóireacht agus maolú ar na rioscaí a sainaithníodh sa Mheasúnú Riosca Náisiúnta don bhliain 2014 agus a thagann faoinár gcúram. I measc na rioscaí sin, tá: laghdú in iomaíochas, cáilíocht an chaipitil dhaonna, a thábhachtaí atá corparáidí ilnáisiúnta do gheilleagar na hÉireann agus athruithe laistigh den AE.

Chomh maith leis sin, glacann RPFN páirt, de réir mar is cuí, i dTascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála, rud ar struchtúir ardleibhéil leathan é a sholáthraíonn beartas agus treoir agus a dhéanann comhordú agus maoirseacht ar na gníomhaíochtaí pleanála éigeandála de chuid na Ranna Rialtais agus na n-údarás poiblí go léir.

**An Fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí agus Luach ar Airgead**

Coinneoidh RPFN na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh ar bun i gcomhthéacs an mhórathraithe atá ar siúl sa Roinn agus sa mhór-Earnáil Phoiblí faoi láthair.

Tá rún daingean ag an Roinn tacú, forbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar an timpeallacht rialaithe inmheánaigh agus ar nósanna imeachta rialachais chorparáidigh ar fud gach réimse dá cuid gníomhaíochta. Tá ról suntasach le himirt ag an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus ag an gCoiste Iniúchóireachta ina leith sin.

Leanfaidh an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí ar aghaidh le dearbhú a thabhairt maidir leis na rannóga éagsúla in RPFN, lena n-áirítear dearbhú maidir le hidirchaidreamh leis na gníomhaireachtaí a thagann faoi choimirce na Roinne agus idirchaidreamh leis na hoifigí a thagann faoina sainchúram.

Is í an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a leagann ceanglais rialachais ar Ranna agus a leagann ceanglais ar an bhFeidhm Iniúchóireachta Inmheánaí. Áirítear leo sin an t-iniúchadh bliantúil ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tabharfaidh an fheidhm

Iniúchóireachta Inmheánaí faoi chomhairliúchán leanúnach le páirtithe leasmhara d'fhonn an chuid is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil agus an straitéis seo á soláthar.

Agus stoc sócmhainní seasta agus sealúchas réadmhaoine na Roinne á bainistiú aici, tá RPFN tiomanta do rialuithe láidre a choinneáil ar chostais agus timpeallacht shábháilte a chur ar fáil dár bhfoireann agus dár gcliaint le gnó a dhéanamh inti. In éineacht lenár gcomhpháirtithe in Oifig na nOibreacha Poiblí, déanfaimid ár ndícheall ár gcuid acmhainní a bhainistiú ar bhealach atá cost-éifeachtúil agus a bhaineann Luach ar Airgead amach don Státchiste.

## Acmhainní a fhaigheann an Roinn ón Státchiste a bhainistiú chun an luach is fearr a bhaint amach

Bhí RPFN freagrach as figiúr measta 0.7% den ollchaiteachas reatha státchiste agus as 13% d'ollchaiteachas caipitil sa bhliain 2014. Mar thoradh ar an ngéarchéim fhioscach, bhí ar RPFN, ar aon dul le gach Roinn Rialtais eile, a spriocanna agus a straitéis a chomhlíonadh beag beann ar an srian ar acmhainní. Cé gur dúshlánach a bhí na laghduithe sin i leithdháiltí ón Státchiste, thug siad deis do RPFN athmhachnamh a dhéanamh ar a cuid tosaíochtaí, scóip le haghaidh feabhais a shainaithint agus tabhairt faoi chlár leathan um athchóiriú.

In Imleabhar na Meastachán Athbhreithnithe don bhliain 2015, a críochnaíodh i mí na Nollag 2014, b'ionann leithdháileadh caiteachais iomlán na Roinne don bhliain 2015 agus €810m, agus é comhdhéanta d'ollchaiteachas reatha €301m agus de sholáthar caipitil méadaithe iomlán €509m. Chomh maith leis sin, chomhaontaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tuilleadh tacaíochta a thabhairt do thairiscint infheistíochta dírí eachtraí GFT Éireann trí chlár réadmhaoine réigiúnach a mhaoiniú. Is trí chlúdach caipitil ilbhliantúil €150m a mhaoineofar an clár agus soláthrófar é thar an tréimhse 2015-2019. Tá rún daingean ag RPFN a chinntiú go mbainfidh sí an luach is fearr as na hacmhainní sin trí chláir a chruthóidh poist fhadtéarmacha inbhuanaithe a sholáthar ar fud an réimse fiontar, nuálaíochta agus rialála. Chomh maith leis sin, iarrfaimid leithdháiltí sonracha thar an tréimhse le haghaidh bonneagar straitéiseach a bhaineann leis an bhfiontar.

## Luach a Bhrú Chun Cinn tríd an Teicneolaíocht

Tá leibhéal suntasach teicneolaíochta i bhfeidhm ag RPFN chun tacú le seirbhísí a sholáthar go héifeachtúil do shaoránaigh agus chun tacú le próisis inmheánacha na Roinne araon. Leanfaimid ar aghaidh le teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a úsáid chun éifeachtúlachtaí agus luach níos fearr a bhaint amach agus seirbhísí á soláthar againn, lena n-áirítear tionscnaimh athchóirithe a bhaineann le ceadanna fostaíochta, caidreamh san áit oibre agus athchóirithe ar dhlí na gcuideachtaí. Déanfaimid scrúdú ar na deiseanna atá ann an teicneolaíocht a úsáid chun cumarsáid thrasfheidhmiúil níos fearr a chothú i

gcomhthéacs thionscnaimh na Roinne um Bealaí Nua le hObair agus leanfaimid ar aghaidh le luach a bhrú chun cinn i soláthar TFC trí phrionsabail an dea-chleachtais, amhail disciplíní bainistíochta seirbhísí TF, a ghlacadh.

| *Caibidil* | *Gníomh* | *Spriocthorthaí* | *Táscairí Feidhmíochta* | *Fráma ama (Bliain)* |
|---|---|---|---|---|
| **5.1** | **Cuirfimid roinnt tionscnaimh TFC ar aghaidh chun luach breise agus éifeachtúlacht bhreise a chur leis na seirbhísí a chuirimid ar fáil, lena n-áireofar athruithe chun tacú le hAcht nua na gCuideachtaí, tacaí do phróisis nua um cheadanna fostaíochta a sholáthar, nuashonruithe ar shuíomhanna Gréasáin na Roinne, agus tacaí don Choimisiún nua um Chaidreamh san Áit Oibre.** | Soláthar seirbhísí níos éifeachtúla. | Roinnt feabhsuithe córais nó córais nua tugtha isteach. | 2015 - 2017 |
| **5.2** | **Cuirfimid roinnt tionscnamh um bainistíocht seirbhísí TF chun feidhme, agus é mar aidhm leo tuilleadh soiléire a thabhairt maidir le roinnt príomhthairiscintí seirbhísí TFC.** | Tuilleadh soiléire maidir leis an spleáchas ar phríomhsheirbhísí TFC, rud a chuirfidh feabhas ar an acmhainn tacaíochta agus forbartha. | Léarscáileanna seirbhísí curtha le chéile do roinnt príomhsheirbhísí. | 2015 - 2016 |
| **5.3** | **Cuirfimid Straitéis TFC nua le chéile chun tacú le spriocanna straitéis na Roinne.** | An straitéis TFC curtha ar chomhréim le spriocanna straitéiseacha foriomlána na Roinne. | Straitéis curtha le chéile. | 2015 |
| **5.4** | **Plean Iniúchta Inmheánaigh a chur chun feidhme ar aon dul le ceanglais ina leith sin** | Dearbhú maidir le córais rialaithe na Roinne | 1. Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta<br>2. Plean Iniúchta faofa<br>3. Tuarascálacha iniúchta curtha go ráithiúil faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta | Feabhra/ Gach bliain<br><br>Go ráithiúil |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **5.5** | **Oibreoimid chun foireann agus córais i roinnt foirgneamh dár gcuid a bhogadh go rathúil go láithreacha nua le linn na bliana 2015.** | Seirbhísí athlonnaithe, agus a laghad cur isteach agus is féidir ann ar an bhfoireann agus ar chustaiméirí. | Foireann agus córais athlonnaithe go rathúil. | Ráithe 4 2015 (ag brath ar an bhfáil atá ar fhoirgnimh) |
| **5.6** | **Cuirfimid tograí ar aghaidh maidir leis an tseirbhís ceadanna fostaíochta a sholáthar ar líne (faoi réir cás gnó a bhailíochtú).** | Seirbhís ceadanna fostaíochta ar líne a sholáthraíonn éifeachtúlacht níos fearr agus eispéireas níos fearr do chustaiméirí. | 1. Breithniú déanta ag an gCoiste Stiúrtha TFC ar an gcás gnó<br>2. Sainmhíniú déanta ar na riachtanais shonracha lena mbaineann agus cuireadh tugtha roimh thograí<br>3. Conradh forbartha bronnta | Ráithe 1 2015<br>Ráithe 2 2015<br>Ráithe 4 2015 |

## Aguisíní

| | |
|---|---|
| Aguisín 1 | Creataí Straitéiseacha |
| Aguisín 2 | Ráiteas ar Thosaíochtaí an Rialtais 2014 - 2016 |
| Aguisín 3 | Liosta na Ranna Rialtais agus na bPáirtithe Leasmhara a chuir aighneachtaí isteach mar chuid de phróiseas comhairliúcháin na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta |
| Aguisín 4 | Clár Reachtaíochta na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta |

**Aguisín 1 – Creataí Straitéiseacha**

I dteanna Ráiteas Straitéise na Roinne 2015-2017, tá obair na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta á stiúradh ag sraith straitéisí a bhaineann le réimsí beartais sonracha:

- Straitéis na hÉireann um Speisialú Cliste le haghaidh Taighde agus Nuálaíochta
- Fís 2020 – clár an AE um thaighde agus nuálaíocht
- An Ráiteas Beartais Náisiúnta ar Fhiontraíocht in Éirinn
- Beartas Fiontar 2025
- An Creat um Straitéisí Fiontar Réigiúnach
- Chun Tairbhe an Ghnó, Chun Tairbhe an Phobail - Plean Náisiúnta na hÉireann um Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach 2014-2016
- Infheistíocht an Stáit i dTaighde agus Forbairt 2013-2014
- Tuarascáil an Ghrúpa Stiúrtha um Beartú Tosaíochtaí Taighde (2012)
- Taighde Poiblí a Chur ag Obair d'Éirinn (2012)
- Ár nAcmhainn Ghlas a Bhaint Amach - Ráiteas Beartais ón Rialtas ar Fhás agus Fostaíocht sa Gheilleagar Glas (2012)
- Straitéisí ár gcuid Gníomhaireachtaí a Bhaint Amach
    - Fiontraíocht Éireann -
    - GFT Éireann -
    - Fondúireacht Eolaíochta Éireann -
    - An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann

**Aguisín 2 - Ráiteas ar Thosaíochtaí an Rialtais 2014 – 2016 – Réimsí a bhfuil Príomhfhreagracht ar an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta astu**

| Tag.: | Téacs |
|---|---|
| 5.1.14 | Leas a bhaint as na 31 Oifig Fiontar Áitiúil nua, oifigí atá ar fáil i ngach údarás áitiúil, chun tacú le fiontraíocht agus le gníomhaíocht gnóthas beag ar fud na tíre. |
| 5.1.15 | Foilseoimid Beartas Fiontraíochta nua, rud a mbeidh mar aidhm leis méadú 25% a bhaint amach i líon na ngnólachtaí nuathionscanta atá ann thar na chéad chúig bliana eile agus líon na ndaoine atá fostaithe ag gnólachtaí nuathionscanta faoi láthair a dhúbailt i gceann 5 bliana |
| 5.1.17 | Ardáiseanna déantúsaíochta nua agus spás oifige nua a thógáil i láithreacha réigiúnacha ar leith agus i gceantair ina bhfuil díothacht uirbeach. |
| 5.1.23 | Agus Feidhmchlár Comhtháite nua Ceadúnúcháin againn, déanfar an méid rómhaorlathais a dtagann roimh mhiondíoltóirí agus roimh ghnóthais bheaga eile a laghdú faoi dheireadh na bliana. |
| 5.2.1 | Bunóimid Coimisiún um Pá Íseal ar bhonn reachtúil, agus é ina chomhlacht neamhspleách a chuirfidh moltaí bliantúla in iúl don Rialtas maidir le leibhéal cuí an phá íosta agus cúrsaí gaolmhara. |
| 5.2.13 | Tabharfaimid tús áite d'achtú a dhéanamh ar an reachtaíocht um Chómhargántaíocht arna ceadú ag an Rialtas. |
| 5.2.14 | Críochnóimid an clár oibre a bhaineann le hathchóiriú agus le nuachóiriú a dhéanamh ar chomhlachtaí um Chaidreamh san Áit Oibre, agus achtófar an Bille um Chaidreamh san Áit Oibre mar chuid den obair sin, d'fhonn an Chúirt Oibreachais a fheabhsú agus a neartú agus d'fhonn seirbhísí cuíchóirithe éifeachtúla sna réimsí seo a leanas a bhaint amach d'fhostaithe agus d'fhostóirí faoi Choimisiún aonair um Chaidreamh san Áit Oibre: cúrsaí comhairleacha, eadráin, idirghabháil, réiteach, breithniú, cigireacht agus forfheidhmiú |
| 5.2.15 | Tabharfaimid faoi staidéar ar a leitheadúla atá conarthaí gan uaireanta i measc fostóirí Éireannacha agus ar an tionchar a imríonn conarthaí den sórt sin ar fhostaithe agus cuirfimid moltaí in iúl don Rialtas dá bhun sin. |
| 5.5.14 | Déanfaimid sonraí a fhoilsiú go córasach faoi gach ceapachán chun Boird Stáit. |

**Aguisín 3 – Liosta na Ranna Rialtais agus na bPáirtithe Leasmhara a chuir aighneachtaí isteach mar chuid de phróiseas comhairliúcháin na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta**

- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
- An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
- An Roinn Cosanta
- An Roinn Oideachais agus Scileanna
- An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
- An Roinn Airgeadais
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
- An Roinn Sláinte
- An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
- An Roinn Coimirce Sóisialaí
- An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

- Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

- An Comhlachas Tráchtála Meiriceánach in Éirinn
- Cónaidhm Baincéireachta agus Íocaíochtaí na hÉireann
- Cuntasóirí Cairte Éireann
- Comhlachais Tráchtála na hÉireann
- Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide na hÉireann
- Cumann Onnmhaireoirí na hÉireann
- Dlí-Chumann na hÉireann

**Aguisín 4 – Clár Reachtaíochta na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta**

**(i) Liosta Achtanna a tugadh isteach ó thús an Rialtais nua (Márta 2011)**

***2014***

- Acht na gCuideachtaí 2014
- An tAcht um Maoin Intleachtúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014
- An tAcht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí 2014
- An tAcht um Cheadanna Fostaíochta (Leasú) 2014
- Acht na gCara-Chumann agus na gCumann Tionscail agus Soláthair (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014
- Acht na gCuideachtaí 2014
- An tAcht um Fhorbairt Tionscail (Forfás a Dhíscaoileadh) 2014
- An tAcht um Boird Fiontar Contae (Díscaoileadh) 2014

***2013***

- Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2013
- An tAcht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2013
- Acht an Aontais Eorpaigh (Aontachas Phoblacht na Cróite) (Rochtain ar an Margadh Saothair) 2013

***2012***

- An tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2012
- An tAcht um an gCiste Iasachta do Mhionfhiontair 2012
- An tAcht um Ráthaíocht Chreidmheasa 2012
- Acht na gCuideachtaí (Leasú) 2012
- An tAcht Iomaíochta (Leasú) 2012
- An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach) 2012
- Acht na bPaitinní (Leasú) 2012

## (ii) Billí atá ar an gClár Reachtaíochta faoi láthair

### Roinn A

- An Bille um Ráthaíocht Chreidmheasa (Leasú)
- An Bille Caidrimh Thionscail (Leasú)
- An Bille Caidrimh Thionscail (Leasú) (Uimh. 2)
- An Bille um Pá Íosta (Leasú) (An Coimisiún um Pá Íseal)
- Bille na gCuideachtaí (Cuntasaíocht)
- An Bille um Shainmharcáil (Leasú)

### Roinn B

- An Bille um Leasú ar an mBunreacht
- Bille na gCuideachtaí (Iniúchadh)
- An Bille um Chomhroinnt Sonraí

### Roinn C

- An Bille um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Leasú)

## (iii) Trasuíomh Treoracha ón AE

# Tábla maidir le Trasuíomh Treoracha ón AE amhail an 16 Márta 2015

| TREORACHA ATÁ LE TRASUÍ SA BHLIAIN 2015 (Ceithre Cinn) | | |
|---|---|---|
| **Cur Síos ar an Treoir** | **An tAonad atá Freagrach as an Treoir a Thrasuí** | **An Spriocdháta le haghaidh an Treoir a Thrasuí** |
| **1.** **Treoir 2012/18/AE** maidir le rialú guaiseacha mórthionóiscí a bhaineann le substaintí contúirteacha | **An tAonad um Beartas Sábháilteachta, Sláinte agus Ceimiceán** | ***31/05/2015*** |
| **2.** **Treoir 2014/27/AE** maidir le haicmiú, le lipéadú agus le pacáistiú substaintí agus meascán | **An tAonad um Beartas Sábháilteachta, Sláinte agus Ceimiceán** | ***01/06/2015*** |
| **3.** **Treoir 2013/11/AE** maidir le Réiteach Malartach Díospóidí le haghaidh díospóidí tomhaltóirí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2009/22/CE | **An tAonad um Beartas Iomaíochta agus Tomhaltóirí** | ***09/07/2015*** |
| **4.** **Treoir 2013/34/AE** maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara cineálacha áirithe gnóthas | **An tAonad um Dhlí na gCuideachtaí** | ***20/07/2015*** |

| TREORACHA A BHEIDH LE TRASUÍ SA BHLIAIN 2016 (Ceithre Cinn Déag) | | |
|---|---|---|
| **Cur Síos ar an Treoir** | **An tAonad atá Freagrach as an Treoir a Thrasuí** | **An Spriocdháta le haghaidh an Treoir a Thrasuí** |
| **5.** Treoir 2014/26/AE maidir le comhbhainistiú cóipchirt agus ceart gaolmhar agus ceadúnú ilchríochach ceart i saothair cheoil le haghaidh úsáidí ar líne sa mhargadh inmheánach. | **An tAonad um Maoin Intleachtúil** | ***10/04/2016*** |
| **6.** Treoir 2014/29/AE maidir le hárthaí brú simplí | **An tAonad um Beartas Iomaíochta agus Tomhaltóirí** | ***19/04/2016*** |
| **7.** Treoir 2014/30/AE maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le Comhoiriúnacht Leictreamaighnéad (Athmhúnlú) | **An tAonad um Fhorbairt Fiontar** | ***19/04/2016*** |
| **8.** Treoir 2014/31/AE maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le meá-innill neamhuathoibríocha a chur ar fáil ar an margadh | **An tAonad um Idirchaidreamh agus Caighdeáin (an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann)** | ***19/04/2016*** |
| **9.** Treoir 2014/32/AE maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le meá-innill a chur ar fáil ar an margadh (Athmhúnlú) | **An tAonad um Idirchaidreamh agus Caighdeáin (an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann)** | ***19/04/2016*** |
| | | |

| Cur Síos ar an Treoir | An tAonad atá Freagrach as an Treoir a Thrasuí | An Spriocdháta le haghaidh an Treoir a Thrasuí |
|---|---|---|
| **10.** Treoir 2014/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hardaitheoirí agus comhpháirteanna sábháilteachta d'ardaitheoirí (athmhúnlú) | **An tAonad um Beartas Sábháilteachta, Sláinte agus Ceimiceán** | ***19/04/2016*** |
| **11.** Treoir 2014/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh agus córais chosanta atá ceaptha lena n-úsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach (Athmhúnlú) | **An tAonad um Beartas Sábháilteachta, Sláinte agus Ceimiceán** | ***19/04/2016*** |
| **12.**Treoir 2014/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le Trealamh Leictreach atá ceaptha lena úsáid laistigh de theorainneacha áirithe voltais | **An tAonad um Beartas Iomaíochta agus Tomhaltóirí** | ***19/04/2016*** |
| **13.** Treoir 2014/56/AE maidir le hiniúchadh reachtúil ar chuntais bhliantúla agus cuntais chomhdhlúite | **An tAonad um Dhlí na gCuideachtaí** | ***17/06/2016*** |
| **14.** Treoir 2014/67/AE maidir le hoibrithe a phostú | **An tAonad um Chearta Fostaíochta** | ***18/06/2016*** |

| | | |
|---|---|---|
| **15.** Treoir 2013/35/AE maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte a bhaineann le nochtadh oibrithe do rioscaí a bhaineann le hoibreáin fhisiceacha (réimsí leictreamaighnéadacha) | **An tAonad um Beartas Sábháilteachta, Sláinte agus Ceimiceán** | ***01/07/2016*** |
| **16.** Treoir 2014/68/AE maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le brú-threalamh a chur ar fáil ar an margadh (Athmhúnlú) | **An tAonad um Beartas Sábháilteachta, Sláinte agus Ceimiceán** | ***18/07/2016*** |
| **17.** Treoir 2014/95/AE maidir le faisnéis neamhairgeadais agus éagsúlachta a bheith á nochtadh ag cuideachtaí móra áirithe. | **An tAonad um Dhlí na gCuideachtaí** | ***06/12/2016*** |
| **18.** Treoir 2014/104/AE maidir le rialacha áirithe lena rialaítear gníomhaíochtaí le haghaidh damáistí faoin dlí náisiúnta maidir le sáruithe ar fhorálacha dhlí iomaíochta na mBallstát agus an Aontais Eorpaigh | **An tAonad um Beartas Iomaíochta agus Tomhaltóirí** | ***27/12/2016*** |